

Straitéis 20 Mí don Ghaeilge

le

Cumann Carad na Gaeilge

Coiste Stiúrtha 2011-2014:

Gearóid Ó hAnnaidh
Sorcha Baitsiléir
Gearóid Ó Ceallaigh
Maidhc Ó Ceallaigh
Máirín de Grás
Gearóid Ó Laoi
Séamas Ó Neachtain
Máiréad Perron
Máire Mhic an Phríora
Caoimhín Ó Raghallaigh
Réamonn Ahearn Ritchell
Labhrás Mike Wilson

Tá an leabhar seo foilsithe ag
Cumann Carad na Gaeilge
agus
An Gael, iris oifigiúil Chumann Carad na Gaeilge
agus
Cló an Druaidh / The Druid Press

3957 Maplewood Drive
Seaford, New York 11783
United States of America
www.druidpress.com
516-804-2968

An Chéad Eagrán / First Edition
Copyright (c) 2013-2014 by Gerald A. John Kelly

1 Feabhra 2014

ISBN-13: 978-1496111166

ISBN-10: 1496111168

All Rights Reserved
Gach ceart faoi choimeád

No part of this publication may be reproduced, stored in or introduced into any retrieval system, or transmitted, in any form or by any means (electronic, mechanical, photocopying, recording, or otherwise) without the prior written permission of both the copyright holder and publisher of this book.

Clóbhuailte sna S.A.M.
Printed in the U.S.A.

Do laochra na Gaeilge ar fud an domhain

Gan Gaeilge gan Gaelach
Gan Gaelach gan Éireannach
Gan Éireannach gan Éire

- Cumann Carad na Gaeilge

Clár

I. Réamhrá	8
II. An Comhthéacs	9
Foinsí	11
III. An Fáth gur Mheathlaigh an Ghaeilge	12
Foinsí	15
IV. An t-Éileamh ar Ghaeilge	16
Achoimre	16
Cúlra	16
Tosaigh le Tuiscint	17
Éist leis na Gearáin i gcoinne na Teanga agus Tabhair Freagraí Maithe	22
Foinsí	25
V. Conas Gaeilge a Neartú go Láithreach	26
Réimsí Gnímh	26
1. An t-Oideachas agus an Eacnamaíocht	26
2. Lucht na Gaeilge sna Gaeltachtaí, sa Ghalltacht, sa Ghaeltacht Shamhalta, agus an Eacnamaíocht	33
3. An Teaghlach ag Cur na Teanga ar Aghaidh – Idirghabháil go Luath	35
4. An Rialtas, an Ghaeilge, agus an Eacnamaíocht	36
5. Meáin Phoiblí Chumarsáide agus an Eacnamaíocht	40
6. Foclóirí	41
7. Reachtaíocht agus Stádas	41
8. Eacnamaíocht na Gaeilge san Earnáil Phríobháideach	42
Foinsí	44
VI. Achoimre – Déan Anois Iad Seo!	47
VII. Ó Foilsíodh na hAilt Seo in AN GAEL	52
VIII. Cumann Carad na Gaeilge	55

I. RÉAMHRÁ

Bíonn baill de Chumann Carad na Gaeilge ag obair an an dtaighde seo ó 2011. Foilsíodh an chuid is mó den taighde seo in AN GAEL, iris oifigiúil ár gCumainn, i 2013. D'éirigh an taighde seo a lán ceisteanna. Ina measc:

- Cad í saoirse cainte? An ceart a rá an méad go ndeireann duine éigin eile go gcaithfidh tú a rá i dteanga an duine eile sin? Nó an ceart a rá an méad a ba mhaith leat a rá i do theanga féin?
- An gcreideann Rialtas na hÉireann go bhfuil cearta daonna mar shaoirse cainte ag gach saoránach na hÉireann? Nó acusan amháin a roghnaíonn Sacsbhéarla a labhairt?
- An gcreideann Rialtas na hÉireann go bhfuil buan-chearta daonna ag lucht na Gaeilge in Éirinn? Nó an bhfuil na cearta sin sealadach, ar fail amháin ó am go ham, ag braith ar mhéad an airgid fágtha sa bhuiséad tar éis gach ruda eile?
- Cad é an fáth go smaoiníonn cuid is mó de Rialtas na hÉireann go gcaithfidh siad seirbhísí a sholáthar as Sacsbhéarla ach ní as Gaeilge?
- Cad é an fáth go smaoiníonn timpeall 7% de shaoránaigh na hÉireann go bhfuil ceart acu seirbhísí a fháil ó Rialtas na hÉireann as Sacsbhéarla ach nach bhfuil ceart ag lucht na Gaeilge in Éirinn seirbhísí a fháil ó Rialtas na hÉireann as Gaeilge?
- An mbíonn ranna mar an Roinn Oideachais agus Scileanna ag séanadh agus ag sárú dhlíthe na hÉireann, mar Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 agus Bunreacht na hÉireann, d'aon ghnó?
- Cad é an fáth go mbíonn cuid is mó de ranna an Rialtais agus a n-airí ag sárú dhlíthe na hÉireann gan aon phionóis?
- An gcreideann Rialtas na hÉireann nach bhfuil sé tábhachtach cearta daonna a chosaint do gach saoránach?
- Nó an smaoiníonn Rialtas na hÉireann go bhfuil sé tábhachtach cearta daonna a chosaint don mhóramh amháin?
- An bhfuil Rialtas na hÉireann ag obair chun pobail na Gaeilge in Éirinn a neartú, nó chun iad a scriosadh?

I léamh na leathanach seo, beidh tú in ann socrú ar do chonclúidí féin.

II. AN COMHTHÉACS

A. Tá an Ghaeilge agus na Gaeltachtaí i ngéarchéim. Níl fiche bliain fágtha acu chun iad a chur ar bhóthar a leasa.

Insan “Meabhrúchán Miniúcháin Agus Airgeadais”, thuairiscigh Rialtas na hÉireann go bhfuil Acht na Gaeltachta 2012 bunaithe ar mholtaí faighte sa Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht (2007) ina dtaispeánadh go bhfuil “aistriú suntasach teanga ó Ghaeilge go Béarla tar éis tarlú sa Ghaeltacht” (1) agus:

“Is é tátal lom shuirbhé na ndaoine óga nach bhfuil ach idir 15 bliana agus scór blianta fágtha mar shaolré ag an nGaeilge mar theanga theaghlaigh agus phobail sa chuid is láidre den Ghaeltacht, is é sin le rá an chuid den Ghaeltacht a bhaineann le Catagóir A, mura féidir an patrún seo a chur ar mhalairt treo. Faoin am a dtagann clann ghlúin na ndaoine óga seo chun cinn ní bheidh dlús na gcainteoirí gníomhacha Gaeilge ina measc sách ard le pobal cainteoirí Gaeilge a bhuanú, gan trácht ar é a athchruthú, mura féidir cúinsí nua sochtheangeolaíocha a chruthú san idirlinn.” (2)

I staidéar níos luaithe i 2005, thuairiscigh Comhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta (an chomhairle oideachais do scoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge a bunaíodh i 2002 faoin Acht Oideachais 1998) go raibh scoileanna Gaeltachta i ngéarchéim agus, gan breis tacaíochta, ní bheadh ach beagán acu ag múineadh trí Ghaeilge i gceann 20 bliain. Bhraith tuismitheoirí gur loit an córas oideachais a n-iarrachtaí chun Gaeilge a bhronnadh mar theanga bheo ar a gcuid leanaí. Thuairiscigh an staidéar freisin go raibh líon suntasach de scoileanna Gaeltachta tar éis aistriú chuig theagasc trí Sacsbhéarla, agus go raibh scoileanna eile ar tí an rud céanna a dhéanamh freisin. (3)

B. Is gluaiseacht mhór do chearta daonna agus sibhialta í athbheochan na Gaeilge.

“Léiríonn na torthaí tacaíocht ollmhór do chaomhnú na Gaeilge: tá 52.5% ag iarraidh go gcaomhnófaí an Ghaeilge sa Ghaeltacht agus go ndéanfaí í a athbheochan lena húsáid sna healaíona agus sa chultúr lasmuigh den Ghaeltacht, agus tá 40.9% (eile) ag iarraidh go ndéanfaí an teanga a athbheochan chun críocha poiblí ar fud an Stáit.” (4)

I bhfocail eile, tá breis agus 93% sa Phoblacht i bhfách le hathbheochan na Gaeilge sna Gaeltachtaí ina iomláine agus i réimsí ealíne agus cultúir ar fud an stáit. Tá níos lú ná 7% i gcoinne athbheochan na Gaeilge. Mar sin, ní imeall éigin radaiceach beag bídeach í gluaiseacht na Gaeilge. Más féidir “lobby” a chur ar shaoránaigh atá ag ardú a nguthanna ar son a gcearta féin agus ar son cearta lucht na Gaeilge, tuig go seasann an “lobby” seo le tacaíocht ó throllach millteanach na ndaoine.

C. Tá éileamh mór ann do scolaíocht lán-Ghaeilge.

I 2001, roimh an am gur éirigh leis an Roinn Oideachais an Institiúid Teangeolaíochta Éireann (ITÉ) a leachtú “go deonach” le tarraingt siar a maoiniú, (5)(6) rinne ITÉ taighde neamhspleách cuimsitheach a thaispeáin gur mhaith le mórán tuismitheoirí sa Phoblacht a bpáistí a chur i nGaelscoileanna. Aistrithe ón Sacsbhéarla: “I dtaighde déanta le hITÉ (Institiúid Teangeolaíochta Éireann), léirigh 30% de thuismitheoirí go roghnóidís oideachas Gaelscoile dá mbeadh sé ar fáil dóibh ag an mbunleibhéal agus léirigh 25% go roghnóidís oideachas Gaelscoile dá mbeadh sé ar fáil dóibh ag leibhéal iar-bhunscoile ina gceantar. ” (7)

Tá gach dealramh ar an scéal go mbíonn éileamh do Ghaelscoileanna ag neartú ó 2001, ach sa scoilbhliain 2012-2013, ní raibh ach 5.9% de dhaltáí bunscoile sna 26 contae lasmuigh den Ghaeltacht i ngaelscoileanna, agus 2.2% de dhaltáí iar-bhunscoile sna 26 contae lasmuigh den Ghaeltacht ag foghlaim trí Ghaeilge. (8)

D. Tá an eacnamaíocht sár-thábhachtach do neart na Gaeilge agus a pobal.

Thréig muintir na hÉireann iad féin an Ghaeilge go deonach. Roghnaigh muintir na hÉireann Sacsbhéarla a labhairt go príomha de bharr fáthanna eacnamaíochta. Tá an próiséas céanna ag tarlú fós. (9)

E. Chun Gaeilge a neartú mar theanga eacnamaíochta...

Caithfear líon na gcainteoirí laethúla a mhéadú, iad a idircheangailt le chéile mar phobal agus mhargadh, agus seirbhísí agus táirgí as Gaeilge a éileamh chun jabanna a dhéantar trí Ghaeilge a chruthú. Conas? Ní ní casta é seo. Tá a fhios agaibh, agus tá a fhios ag an domhan go léir conas teangacha a mhúineadh go feidhmiúil, conas daoine a nascadh le chéile ar fud an domhain, agus conas seirbhísí agus táirgí a éileamh. Agus tá cuid mhaith desna rudaí seo an-fhurasta a dhéanamh gan breis-chostas ar bith.

FOINSÍ / SOURCES

1. “Meabhrúchán Miniúcháin Agus Airgeadais”, An Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta, Meitheamh 2012, L. 1.
<http://www.ahg.gov.ie/ie/Straiteis20BliaindonGhaeilge2010-2030/AchtnaGaeltachta2012/>
2. Ó Giollagáin, Conchúr agus Seosamh Mac Donnacha, Fiona Ní Chualáin, Aoife Ní Shéaghdha, Mary O’Brien. Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht: Príomhthátaí agus Moltaí, 2007. Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge ag Ollscoil na hÉireann, Gaillimh i gcomhar leis An Institiúid Náisiúnta um Anailís Réigiúnach agus Spásúil, Ollscoil na hÉireann, Maigh Nuad. L. 31.
<http://www.ahg.gov.ie/ie/Straiteis20BliaindonGhaeilge2010-2030/Foilseachain/Staid%20C3%A9ar%20Cuimsitheach%20Teangeola%20C3%ADoch%20ar%20C3%9As%20C3%A1id%20na%20Gaeilge%20sa%20Ghaeltacht%20%28achoimre%29.pdf>
3. Walshe, John. 11 June 2005. "Number of Gaeltacht schools using Irish in steep decline". The Irish Independent. <http://www.independent.ie/irish-news/number-of-gaeltacht-schools-using-irish-in-steep-decline-25979924.html>
4. Straitéis 20 Bliain Don Ghaeilge 2010-2030, Rialtas na hÉireann, L. 5.
<http://www.ahg.gov.ie/ie/Straiteis20BliaindonGhaeilge2010-2030/Foilseachain/Strait%20C3%A9is%20%20Bliain%20-%20Leagan%20Gaeilge.pdf>
5. Linguistic Institute of Ireland, message of December 22, 2003.
<http://linguistlist.org/issues/14/14-3554.html>
6. Tithe an Oireachtais, Written Answers - Linguistics Institute of Ireland. Wednesday, 4 February 2004.
<http://debates.oireachtas.ie/dail/2004/02/04/00096.asp>
7. “Details of Respondent (Gaelscoileanna Teo.) provided to Forum on Patronage and Pluralism in the Primary Sector”, L.6,
<http://www.education.ie/en/Press-Events/Conferences/Patronage-and-Pluralism-in-the-Primary-Sector/Patronage-Forum-Submissions-June-2011/Gaelscoileanna-Teoranta.pdf>
8. Bunfhoinsé: <http://www.gaelscoileanna.ie/en/about/statistics/?lang=ie>
9. Chun sonraí a fháil, féach ar Straitéis 20Mí don Ghaeilge – Caibidil III. / For detail, see 20 Month Strategy for the Irish Language – Chapter III.

III. AN FÁTH GUR MHEATHLAIGH AN GHAEILGE

Foilsithe in AN GAEL
Earrach 2013

Is é an geilleagar é, a amadáin. – James Carville, 1992

Is é an easpa jabanna as Gaeilge é, a chara. – Cumann Carad na Gaeilge, 2013

A. An Daonra Gaelach, 17ú haois go dtí an 19ú haois

Meastar go raibh líon daoine na hÉireann timpeall 2,000,000 ag deireadh réimeis Charles II (1685) agus go raibh trí cheathrú den daonra ina gCaitlicigh. (1) Meastar go raibh líon daoine na hÉireann ag deireadh na 18ú haoise timpeall 5,000,000. (2) "Ó dheireadh na 18ú haoise thosaigh daonra na hÉireann a mhéadú go suntasach. Tharla an méadú seo go príomha i measc na n-aicmí is boichte faoin tuath agus, ós rud é go raibh cuid mhór na ndaoine sin fós ag labhairt na Gaeilge, tháinig méadú díreach ar líon na gcainteoirí Gaeilge. Níl aon fhigiúirí cruinne ar fáil, ach meastar go raibh líon na gcainteoirí Gaeilge timpeall 3,500,000 i 1820 agus timpeall 4,000,000 i 1835. " (3)

B. Cumhacht, Foréigean agus Comhéigean

Sa 17ú haois go dtí luath na 19ú haoise, baineadh an Ghaeilge le foréigean nó comhéigean mar an phríomhtheanga ó na ceithre réimse scothaicmeach na tréimhse sin: reiligiún, rialtas, úinéireacht agus bainistíocht san earnáil tráchtála, agus oideachas.

1. reiligiún

I 1785, thréig an t-Ordlathas Caitliceach Rómhánach in Éirinn an Ghaeilge, an cultúr Gaelach, agus náisiúnachas na hÉireann ionas gurbh fhéidir leo cead a fháil ó Rialtas na Breataine chun séipéil a oscailt agus chun sagairt a oiliúint (trí mheán an tSacsbhéarla amháin) i gCeatharlach agus i Maigh Nuad. (4) Buartha chun 'An Conradh Mhaigh Nuad' seo a chaomhnú, d'áirithigh an t-ordlathas Caitliceach nach dtiocfadh aon sagairt eile, go rúnda nó go hoscailte, ón Mór Roinn toisc go raibh saoirse na hÉireann beagnach i gcónaí ina smaointe agus Gaeilge ar a dteangacha. Ón am sin anuas, do mhilliúin na gCaitliceach Rómhánach in Éirinn a raibh an Ghaeilge acu, ní raibh bóthar go Neamh ach trí Shacsbhéarla.

Bhí gné eacnamaíoch ag an gConradh Mhaigh Nuad seo chomh maith. Chun a bheith i do shagart, bhí gá le Sacsbhéarla agat.

2. rialtas

Baineadh Gaeilge ón rialtas in Éirinn le Cath Chionn tSáile (1601), Conradh na Mainistire Móire .i. an Conradh 'Mellifont' (1603), Imeacht na nIarlaí (1607), Concas Chromail (1649-1653), Eachdhroim an Áir (1691), agus Conradh Luimnigh (1692). Díbríodh Féineachas agus an Ghaeilge ó chúirteanna in Éirinn le cáis i gcoinne Fhéineachais idir 1605 agus 1607. (5) I ndiaidh sin, chun slí bheatha i rialtas nó sna cúirteanna a bhaint amach in Éirinn, bhí Sacsbhéarla riachtanach.

3. úinéireacht agus bainistíocht san earnáil tráchtála

I sochaí thalmhaíochta, is ionann saibhreas agus talamh. Chuaigh coigistiú an talún le Rialtas na Breataine ar aghaidh gan sos ó 1603. Ag deireadh na 17ú haoise, bhí thart ar trí cheathrú den daonra ina gCaitlicigh (6) agus an mhórchuid díobh ina nGaeilgeoirí. Chuir na Péindlíthe (1692) urchosc ar Chaitlicigh talamh a cheannach, léas ar thalamh níos faide ná 30 bliain a fháil, aon oifig rialtais a fháil, aon choimisiúin san Arm Ríoga nó san Chabhlach Ríoga a fháil, aon chapall níos mó ná £5 i bhfiú a fháil, slí bheatha a bhaint amach mar dhlíodóir, scoil a bhunú nó slí bheatha a bhaint amach mar mhúinteoir, agus oideachas thar lear a fháil.

Is pionóis eacnamaíocha iad seo go príomha. Faoi Mharsantachas (.i. 'Mercantilism'), ba é an trádáil an cosán amháin fágtha do Chaitliceach Éireannach chun saibhreas a thuilleamh. Agus bhí an trádáil le bheith le Sasana amháin agus a lucht Béarla, ní leis an Mór-Roinn nó le tíortha eile thar lear.

Um 1778, "ba ar éigean go raibh níos mó ná 5% de thalamh na hÉireann fágtha i lámha Caitliceacha." (7) I bhfocail eile, bhí saibhreas na hÉireann coigistithe ó Ghaeilgeoirí agus tugtha dosna tiarnaí talún nua (.i. an Chinsealacht) a raibh Béarla acu. Freisin, ní raibh cead ag Caitlicigh a vótáil nó a shuí i bParlaimint i mBaile Átha Cliath nó i Londain. (8) Mar sin, bhí sé beagnach cinnte go bhfanfadh saibhreas na hÉireann i lámha lucht an Bhéarla chomh fada agus a ba mhaith leis an gCinsealacht an saibhreas sin a choimeád.

4. oideachas

Tar éis bhunú an Bhoird Náisiúnta Oideachais i 1832, "chonaic siad deireadh na sean-scoileanna cois claí, ag géilleadh go mall roimh na scoileanna faoin mBord Náisiúnta. Bhí túismitheoirí ag seoladh a bpáistí chuig na 'Scoileanna Náisiúnta', toisc go raibh a dtáillí ní ba lú ná táillí na scoileanna cois claí." (9) I bhfocail eile, chuir praghasanna na Scoileanna Náisiúnta (ina labhraíodh Sacsbhéarla amháin) na scoileanna cois claí (ina labhraíodh an Ghaeilge de ghnáth) as gnó.

Ní raibh sé de thaisme go raibh na Scoileanna Náisiúnta ina dtarchuradóirí don teanga agus don chultúr Sasanach. Chuir Pádraig Mac Piarais "An Meaisín Dúnmharaithe" orthu. Scríobh Nic Éinrí:

"Ba é marú na Gaeilge a gcuspóir. Cruthaíonn an véarsa seo a leanas é sin:"

"Gabhaim buíochas leis an maitheas agus an ngrásta
a rinne miongháire ar mo bhreith,
Agus a rinne díom sna laethanta Críostaí seo
leanbh sona Sasanach." (10)

Bhí an cineál meoin seo fós le fáil i dtéacsleabhair Éireannacha sna 1960í. (12)

C. Rogha

Mar a fheicimid, bhí an Ghaeilge curtha amach as ceithre réimse scothaicmeach an náisiúin roimh 1840. Beagnach in iomlán, rinneadh teanga na mbocht faoin tuath den Ghaeilge, labhartha ag an 'tuathánach aineolach' de réir lucht an Bhéarla, agus bhí smál agus masla curtha uirthi mar sin. (Chun an próiseas intinne seo a sholéiriú, measadh go mbaineadh feidhm aisti le daoine neamhthábhachtacha le haghaidh úsáidí neamhthábhachtacha a chur i bhfeidhm agus mar sin bhí sí neamhthábhachtach agus neamhriachtanach. I gcodarsnacht, measadh go mbaineadh feidhm as Sacsbhéarla le daoine tábhachtacha le haghaidh úsáidí tábhachtacha a chur i bhfeidhm agus mar sin bhí Sacsbhéarla tábhachtach agus riachtanach.)

D'áitigh an Gorta Mór milliúin na nGaeilgeoirí a bhí fágtha go raibh Béarla riachtanach chun todhchaí shlán a bhaint amach, nó fiú le fanacht beo. Mar a thug De Fréine faoi deara, "Chuir an ghlúin níos sine ina luí ar an óige tábhacht a bhaineann le cúrsaí eacnamaíochta." (13) As eagla, dhiúltaigh mórán tuismitheoirí an Ghaeilge a labhairt lena bpáistí, cé nach raibh ach smacht neamhfhoirfe (nó smacht ar bith) acu ar Bhéarla. Ón bhfíric seo a thagann teideal an leabhair scríofa le De Fréine agus foilsithe le Mercier Books i 1978 .i. The Great Silence. Mar a tuairiscíodh leis an Athair Tomás Ó Ceallaigh in The Catholic Bulletin, Aibreán 1911:

"Tógadh suas iad a chreidiúint gurbh é céim is uaisle na measúlachta é an Sacsbhéarla, an eochair a d'oscail Seasaman, agus bhí siad cinnte nach bhfágfaí a bpáistí gan buntáiste chomh luachmhar sin." (14)

CONCLÚID

I gcodarsnacht leis an dtuairim Ghael-Mheiriceánach gur stad dlíthe Sasanacha labhairt na Gaeilge in Éirinn, thréig muintir na hÉireann iad féin go deonach an Ghaeilge. Roghnaigh siad Béarla a labhairt go príomha as fáthanna eacnamaíocha. Ar ndóigh, is féidir rogha a dhéanamh arís. Ní bheadh aon chosc ar mhuintir na hÉireann Gaeilge a roghnú arís dá mbeadh coinníolacha cearta ann.

FOINSÍ / SOURCES

1. Moody, T.W. agus Martin, F.X., eagarthóirí. *The Course of Irish History*. Corcaigh: An Preas Mercier, 1967. lch. 206
2. Moody, lch. 266
3. Ó Murchú, Máirtín. *The Irish Language*. Baile Átha Cliath: Rialtas na hÉireann, 1985. p.26, aistrithe ón mBéarla seo: “From the late 18th century the population of Ireland began to increase substantially. This increase occurred primarily among the poorer rural classes and, since a large proportion of that sector was still Irish-speaking, there was a disproportionate increase in the number of Irish speakers. There are no exact figures available, but in 1820 the number of Irish speakers was estimated at 3,500,000 and in 1835 was estimated at 4,000,000.”
4. Ó Tuathaigh, Gearóid. *Ireland before the Famine 1798-1848*. The Gill History of Ireland, Volume 9. Baile Átha Cliath: Gill and Macmillan, 1972. lch. 46-47
5. Rinneadh é seo trí mheán na cásanna dlí Gavelkind (1605) Davies 49 agus Tanistry (1607) Davies 28. Féach ar <http://www.courts.ie/courts.ie/library3.nsf/pagecurrent/3CBAE4FE856E917B80256DF800494ED9?opendocument&l=en>
6. Moody, lch. 206
7. Moody, lch. 220, aistrithe ón mBéarla: “Scarcely 5% of Irish land was left in catholic hands.”
8. Collins, M.E. agus Ó Siochrú, Mícheál. *Concas agus Coilíniú*. Baile Átha Cliath: Gill and Macmillan, 1976. lch. 191-195
9. Dowling, Patrick J. *The Hedge Schools of Ireland*. Baile Átha Cliath: An Press Mercier, 1968. lch. 122, aistrithe ón mBéarla: “They witnessed the passing of the old Hedge Schools, slowly giving way to the schools under the National Board. Parents were sending their children to them, because the fees were lower than in the Hedge Schools.”
10. Nic Éinrí, Úna. *Stair na Teanga Gaeilge*. Baile Átha Cliath: Folens Nikki a Chuid, Teo. 1971. lch. 31.
11. Nic Éinrí, lch. 31
12. Bunaithe ar chomhráite lenár gcara Pádraig Ó Clúmháin ('Patrick Clifford' i mBéarla), ball de Chumann Carad na Gaeilge agus den Scoil Ghaeilge Ghearóid Tóibín, i mBabylon, Nua-Eabhrac.
13. De Fréine, Seán. *The Great Silence*. Baile Átha Cliath: Leabhair Mercier, 1978. lch. 81, aistrithe ón mBéarla seo: “the older generation instilled the importance of economic considerations into the young.”
14. De Fréine, lch. 74

IV. AN T-ÉILEAMH AR GHAEILGE (TUISCINT AR 'ATHBHEOCHAN NA GAEILGE' INNIU)

Foilsithe in AN GAEL
Samhradh 2013

ACHOIMRE

Deireann cuid desna saineolaithe is fearr sa réimse "nach bhfuil ach idir 15 bliana agus scór blianta fágtha mar shaolré ag an nGaeilge mar theanga theaghlaigh agus phobail sa chuid is láidre den Ghaeltacht." Mar sin, caithfidh daoine a thugann tacaíocht don Ghaeilge agus a pobal a ghníomhú anois, ní thar na 20 bliain seo chugainn, chun an teanga a athbheochan.

Is gluaiseacht do chearta daonna agus sibhialta í athbheochan na Gaeilge.

Tá breis agus 93% sa Phoblacht i bhfách le hathbheochan na Gaeilge sna Gaeltachtaí in iomlán agus i réimsí ealíne agus cultúir ar fud an stáit. Tá breis agus 40% i bhfách le athbheochan na Gaeilge i ngach réimse poiblí agus i ngach ceantar ar fud an stáit.

Tá níos lú ná 7% i gcoinne athbheochan na Gaeilge.

I 2002 sa Phoblacht, bhí timpeall 62,000 Gaeilgeoir ina gcónaí fós sna Gaeltachtaí oifigiúla agus timpeall 340,000 cainteoir líofa na Gaeilge sa Phoblacht lasmuigh desna Gaeltachtaí agus ag éileamh úsáid laethúil na Gaeilge.

Seasann gluaiseacht na Gaeilge le tacaíocht ó thromlach millteanach na ndaoine.

Bunaithe ar chosaint amháin, bhí teip in ann don bhun-straitéis Ghaeltachta ó thús. Fás nó básaigh.

CÚLRA

Mar a luíodh i gCaibidil III, a mhalairt leis an dtuairim Mheiriceánach gur chuir dlíthe Sasanacha deireadh le labhairt na Gaeilge i mórchuid na hÉireann, thréig muintir na hÉireann féin an Ghaeilge go deonach. Roghnaigh siad Sacsbhéarla a labhairt go príomha as cúinsí eacnamaíochta. Bhí jabanna agus slándáil dá bpáistí le fáil trí Shacsbhéarla.

Ar ndóigh, is féidir le muintir na hÉireann rogha a dhéanamh arís más maith leo. Agus is féidir linn na straitéisí is feidhmiúla a fhoghlaim ó eiseamláirí rathúla, mar athbheochan na hIoruaise sa 19ú haois tar éis breis agus 300 bliain gan a labhairt, agus athbheochan na hEabhraise sa 20ú haois tar éis breis agus 2000 bliana gan a labhairt, agus na hathbheochaintí atá ar siúl anois i dtíortha éagsúla mar an Bhreatain Bheag, an Chatalóin, an Liotuáin, Tír na mBascach, agus áiteanna go leor eile.

Ach is í Éire féin an eiseamláir is fearr do Éirinn. Ní fada ó shin a tharla malartú na teanga ó Ghaeilge go Sacsbhéarla. Tá a fhios againn go beacht conas a tharla sé sin, agus is féidir linn é a fheiceáil ag tarlú fós. Cén fáth, mar sin, nach féidir le muintir na hÉireann áis a bhaint as cuid desna fórsaí céanna agus modhanna daonlathacha chun an Ghaeilge agus a pobal a neartú?

Is féidir leo, cinnte. Mar sin, moltar go dtosaítear le tuiscint:

TOSAIGH LE TUISCINT

1. Cé gur rud breá tábhachtach é go bhfuil Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge ann anois agus go bhfuil na chéad chéimeanna tógtha ag an Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta de réir na straitéise fadtréimhsiúla sin, níl sé cóir ná cothrom iarraidh ar lucht na Gaeilge a fhanacht bliain eile, nó dhó, nó fiche lena gcearta daonna agus sibhialta, cearta a bheadh cóir a bheith acu agus i bhfeidhm ó bhunú an Stáit.

Seo é an chéad fáth go bhfuil gníomh láithreach á mholadh againn. Anois, an bhliain seo, seachas am éigin eile amach anseo.

2. Níl an t-am ag pobail na Gaeltachta atá fágtha agus ag lucht na Gaeilge lasmuigh desna Gaeltachtaí a fhanacht a thuilleadh. Insan “Meabhrúchán Miniúcháin agus Airgeadais”, thuiriscigh Rialtas na hÉireann go bhfuil Acht na Gaeltachta 2012 bunaithe ar mholtaí faighte sa Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht (2007) ina dtaispeánadh go bhfuil “aistriú suntasach teanga ó Ghaeilge go Béarla tar éis tarlú sa Ghaeltacht” (1) agus:

“Is é tátal lom shuirbhé na ndaoine óga nach bhfuil ach idir 15 bliana agus scór bliain fágtha mar shaolré ag an nGaeilge mar theanga theaghlaigh agus phobail sa chuid is láidre den Ghaeltacht, is é sin le rá an chuid den Ghaeltacht a bhaineann le Catagóir A, murab fhéidir an patrún seo a chur ar mhalairt treo. Faoin am a dtagann clann ghlúin na ndaoine óga seo chun cinn ní bheidh dlús na gcainteoirí gníomhacha Gaeilge ina measc sách ard le pobal cainteoirí Gaeilge a bhuanú, gan trácht ar é a athchruthú, mura féidir cúinsí nua sochtheangeolaíocha a chruthú san idirlinn.” (2)

Sin é an dara fáth go bhfuil gníomh láithreach á mholadh againn.

3. Tuigtear gur gluaiseacht do chearta daonna agus sibhialta í athbheochan na Gaeilge.

Is ceart Saoirse Labhartha é aon rud atá uait a rá i do theanga féin. Ní hé an ceart é an rud atá ag teastáil ó dhuine éigin eile a rá i dteanga an duine eile.

Tá ceart ag daoine Gaeilge a labhairt in Éirinn agus tá an ceart sin á chleachtadh acu in ainneoin constaicí curtha rompu.

4. Tuigtear gur gluaiseacht an-mhór í athbheochan na Gaeilge, atá ag dul i neart.

a. I 1975, dúirt timpeall 65% de dhaoine fásta sa Phoblacht “gur chóir todhchaí na teanga a áirithiú agus gur chóir tacaíocht phoiblí a thabhairt don teanga.” (3)

Na laethanta seo, mar a fheictear sa staidéir *The Irish Language and the Irish People* a rinne Micheál Mac Gréil agus Fergal Rhatigan ag Ollscoil na hÉireann Má Nuad i 2007-2008 (4) agus sa Straitéis 20 Bliain Don Ghaeilge:

“Léiríonn na torthaí tacaíocht ollmhór do chaomhnú na Gaeilge: tá 52.5% ag iarraidh go gcaomhnófaí an Ghaeilge sa Ghaeltacht agus go ndéanfaí í a athbheochan lena húsáid sna healaíona agus sa chultúr lasmuigh den Ghaeltacht, agus tá 40.9% (eile) ag iarraidh go ndéanfaí an teanga a athbheochan chun críocha poiblí ar fud an Stáit.” (5)

I bhfocail eile, tá breis agus 93% sa Phoblacht i bhfách le hathbheochan na Gaeilge sna Gaeltachtaí ina n-iomlán agus i réimsí ealaíne agus cultúir ar fud an stáit. Tá breis agus 40% i bhfách le hathbheochan na Gaeilge sna healaíona, sa chultúr, agus i ngach réimse poiblí agus i ngach ceantar ar fud an stáit.

b. I 1975, bhí 20-25% de dhaoine fásta sa Phoblacht “go gníomhach agus go seasta” i gcoinne na teanga. (6)

Ach i 2007 / 2008 (aistrithe ó Shacsbhéarla): “Ba 7% san iomlán iad siúd a bhí ag iarraidh Gaeilge a fheiceáil ‘caite i dtraipisí agus dearmadta’. Mar gheall ar na dearcthaí diúltacha a bhítear á n-eisiúint gan staonadh i mórchuid de mheáin chumarsáide mhóréilimh, is fíor-shuntasach neart na ndearcthaí dearfacha agus laghad an lín ar mhaith leo deireadh na Gaeilge a fheiceáil.” (7)

c. I 1975, ní raibh cumas comhrá fiú go páirteach ag ach 23% den daonra lasmuigh den Ghaeltacht. Móide de Ghaeilgeoirí sa Ghaeltacht, bhí cumas comhrá ag leibhéal éigin ag timpeall 25% de mhuintir na hÉireann. (8)

I 2006, dúirt 1.6 milliún, 41% de mhuintir na hÉireann go bhfuil siad in ann Gaeilge a labhairt ag leibhéal éigin (Daonáireamh 2006). I 2002, dúirt timpeall 339,000 nó 8% sa Phoblacht go raibh siad líofa. (9)

d. “Tá cumas éigin sa Ghaeilge ag 184,898 duine i sé chontae an tuaiscirt, dar le réamhthorthaí Dhaonáireamh 2011. Is ionann sin agus 10.65% den daonra agus is ardú é ó 167,490 duine in 2001.... D’fhreagair 4,164 duine os cionn 3 bliana d’aois go raibh an Ghaeilge mar phríomhtheanga acu...” (10)

I 2002 i sé chontae an tuaiscirt, d’éiligh 75,125 (4.5%) de 1,685,267 go raibh siad líofa san iomlán, a bheag nó a mhór, as Gaeilge. (11)

e. I 2001, sular éirigh leo Roinn Oideachais Institiúid Teangeolaíochta Éireann (ITÉ) a leachtú “go deonach” le tarraingt siar a maoiniú, (12)(13) rinne ITÉ taighde neamhspleách cuimsitheach a thaispeáin gur mhaith le mórán tuismitheoirí sa Phoblacht a bpáistí a chur i nGaelscoileanna. Sholáthair Gaelscoileanna Teoranta an achoimre seo i 2011 (aistrithe ó Shacsbhéarla):

“I dtaighde a rinne hITÉ, léirigh 30% de thuismitheoirí go roghnóidís oideachas Gaelscoile dá mbeadh sé ar fáil dóibh ar an mbunleibhéal agus léirigh 25% go roghnóidís oideachas Gaelscoile dá mbeadh sé ar fáil dóibh ar leibhéal iar-bhunscoile ina gceantar.” (14)

Tá gach dealramh air go mbíonn éileamh ar Ghaelscoileanna ag neartú ó 2001.

f. Is léir, mar sin, nach gluaiseacht éigin imeallach radacach bheag bhídeach í gluaiseacht na Gaeilge. Más féidir “brúghrúpa” a chur ar shaoránaigh atá ag ardú a nguthanna ar son a gceart féin agus ar son ceart lucht na Gaeilge, tuig go seasann an “brúghrúpa” seo le tacaíocht ó thromlach millteanach na ndaoine.

5. Tuigtear go bhfuil an teanga sár-thábhachtach do Éirinn an lae amárach.

a. Traidisiúin seanchais is mó agus is ársa na hEorpa. An dara traidisiún ginealais is ársa ar domhan; níl ach ginealaigh na Síne níos sine. Ceann desna traidisiúin scéalaíochta is ársa agus is iontaí ar an domhan. Fuinneog ar an Aois Iarainn. Teanga liteartha is ársa na hEorpa atá fós á labhairt. Ceann desna traidisiúin filíochta is ársa agus is iontaí ar domhan. Seod i litríocht an domhain le meas mór uirthi timpeall an domhain.

b. Ní leor sin? Ag breathnú siar, seachas ar aghaidh? Tá go maith, ach smaoinigh air seo leanas.

Maireann an Bhreatain Bheag fós mar náisiún, agus an Chatalóin, agus Tír na mBascach, agus a lán náisiún eile cé go bhfuil siad faoi smacht tíortha eile atá níos mó, agus tá tuiscint agus meas ag daoine ar fud an domhain gur náisiúin iad fós, toisc go bhfuil teangacha ar leith acu fós.

Cad a tharlaíonn nuair a bhfaigheann teanga bás? Mar shampla amháin, féach ar Chorn na Breataine, a raibh meas uirthi mar thír ar leith ach cúpla céad bliana ó shin. Inniu, ní ach contae Sasanach í ina gcreideann mórchuid na ndaoine gur Sasanaigh iad agus go raibh a sinsir riamh ina Sasanaigh.

Níl teorainneacha náisiúnta ag Éirinn a thuilleadh (.i. “Eoraip gan teorainneacha inmheánacha”); níl flaithiúnas dlí ag Éirinn a thuilleadh, níl an punt ag Éirinn a thuilleadh; níl flaithiúnas eacnamaíochta ag Éirinn a thuilleadh. Níl aon chomharthaí eile fágtha de fhéiniúlacht náisiúnta na hÉireann ach an bratach agus an teanga. Tá bratach ag Corn na Breataine agus ag gach contae Sasanach nó Eorpach eile. Ní leor sin.

6. Cuirfeá an cheist: “Cad faoi litríocht Shacsbhéarlach na hÉireann, agus ceol agus rince iontach na hÉireann? Nach ndéanfaidís an gnó mar chomharthaí, siombailí nó tréithe féiniúlachta chun náisiúntacht na hÉireann a éileamh agus a chaomhnú?” Seo leanas fíricí a thacaíonn liom nach leor a leithéid sin.

Níor bhuaigh agus níor choimeád aon phobal riamh aithint mar náisiún as a gceol agus rince. Maidir le litríocht, níor rún é go raibh daoine ag teacht le chéile i gcumainn mar The Ossianic Society (1853), Cumann Carad na Gaeilge / The Philo-Celtic Society (a thosaíodh le ranganna i mBrúiclinn, Nua-Eabhrac i 1872), agus Conradh na Gaeilge (1893) chun Gaeilge agus a litríocht a chur chun cinn. Ach, ag an am céanna, scríobh dream eile as Sacsbhéarla amháin, cé go raibh Gaeilge acu, agus d’oibrigh siad chun Éire a chur ar an mbóthar go Corn na Breataine. D’éirigh go mór leo. B’fhéidir gurb é seo an fáth go smaoiníonn mórchuid an domhain gur cuid de Shasana í Éire agus gur Briotánach iad na hÉireannaigh.

Mar sin, seachas an teanga, níl comhartha, siombail nó tréith ar bith eile fágtha arb fhéidir leis féiniúlacht náisiúnta na hÉireann a chruthú, ná náisiúntacht na hÉireann a éileamh as seo amach.

Déantar an rogha.

200 bliain ón am seo, an mbeidh Éire ina contae Sasanach nó Eorpach, nó an mbeidh Éire ina náisiún fós?

7. Is minic go gcloisimid nó go léimid ráitis mar seo: “Níl gá againn le teanga ar leith. Níl teanga ar leith ag tíortha mar SAM agus an Astráil.”

Úlla agus oráistí. Foirbríodh SAM, mar shampla, ar thaobh eile den domhain gan smacht feidhmiúil ag Sasana i mbeagnach gach réimse, cé go raibh a mhalairt ag teastáil ó Shasana. Inniu i SAM, ní chloistear go minic faoi Shasana nó faoin Ríocht Aontaithe. Abair “Manchester” agus smaoinítear go bhfuil tú ag caint faoi chathair i New Hampshire. Abair “Birmingham” agus smaoinítear go bhfuil tú ag caint faoi chathair in Alabama.

Níl aon tionchar suntasach ag an Ríocht Aontaithe ar pholasaithe SAM, ar mheáin chumarsáide SAM, nó ar dhearcadh i SAM i gcoitinne. Ó 1169 anuas agus go háirithe ó na 1580í anuas go dtí inniu, ní hé sin cás na hÉireann.

8. Tuigtear go bhfuil dlí Éireannach anois ar thaobh an Ghaeilgeora.

Faoi dheireadh, faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003, is féidir le Gaeilgeoirí a gcearta daonna agus sibhialta a éileamh agus a fháil.

9. Tuigtear nach féidir leis an athbheochan dul chun cinn a dhéanamh gan bunsraith mhaith eacnamaíochta.

Díreach mar a tharla sa 19ú haois, aistríonn daoine go teanga eile más féidir leo slí bheatha mhaith a dhéanamh trí dhóibh féin agus dá bpáistí. Munab fhéidir le daoine slí bheatha a dhéanamh trí Ghaeilge, leanfar le meath na teanga go bhfaighidh sí bás.

10. Tuigtear go bhfuil gá stádais ag an teanga.

Fuair Sacsbhéarla meas, ómós, agus stádas lena úsáid ar fud an rialtais, ar fud na n-eaglaisí, ag barr na hearnála eacnamaíochta, agus ar fud an chórais nua oideachais ón 17ú haois anuas agus go háirithe ón 19ú haois anuas. In áiteanna agus réimsí nach raibh meas don teanga iontu, bhí náire ar dhaoine í a labhairt. Is fadhb choitianta í seo fós.

Conas a bhainfeadh teanga stádas amach?

Díreach mar a chonacthas in Éirinn ón 17ú haois go dtí inniu, má bhaintear áis as teanga le haghaidh na feidhmeanna is tábhachtaí i ngach réimse, is teanga sár-thábhachtach í. Muna mbaintear áis as an teanga le haghaidh na bhfeidhmeanna tábhachtacha, ní teanga thábhachtach í.

Tá an cinneadh soiléir. Baintear áis aistí, ní seachtain amháin gach bliain (cé gur forbairt iontach í Seachtain na Gaeilge), ach an bhliain go léir gan stad ag barr an rialtais, ag barr gach eaglaise, ag barr na hearnála eacnamaíochta, ag barr gach comhlachta, ag barr gach forais agus eagraíochta eile, agus ar fud an chórais oideachais ó bhun go barr.

Agus níl aon mhodh nó acmhainn chomh héifeachtach sin chun stádas a thabhairt ná mórán jabanna déanta trí Ghaeilge a sholáthair ag gach leibhéal i ngach réimse i ngach ceantar.

11. Tuigtear nach bhfuil an teanga le fáil sna Gaeltachtaí amháin.

Tá a fhios ag gach duine go mbíonn Gaeilgeoirí ag aistriú in uimhreacha móra ón nGaeltacht go cathracha agus bailte móra in Éirinn agus thar lear chun jabanna a fháil le breis agus 160 bliain.

I 2002 sa Phoblacht, bhí timpeall 62,000 Gaeilgeoir ina gcónaí fós sna Gaeltachtaí oifigiúla agus timpeall 340,000 cainteoir líofa na Gaeilge sa Phoblacht lasmuigh desna Gaeltachtaí agus ag éileamh úsáid laethúil na Gaeilge. (15) Sa bhreis, tá Gaeilgeoirí eile ina gcónaí timpeall an domhain, idir 18,000 agus 25,000 sna SAM amháin. (2000 Census: 25,661. 2005 Census: 18,815) Agus líon na nGaeilgeoirí sna Gaeltachtaí ag éirí níos lú, bíonn líon na nGaeilgeoirí lasmuigh desna Gaeltachtaí ag dul i méid.

Is é an dea-ionsaí an chosaint is fearr.

Is léir nach ndearna an 'Gaeltacht Strategy' an gnó. Tosaíodh i 1926 é, agus bhí agus tá an straitéis sin bunaithe go príomha ar chosaint amháin. Mar sin, ón dtosach, ghéill an straitéis sin buntáiste, cainteoirí, agus talamh do Shacsbhéarla. Ní féidir le haon teanga fanacht mar atá, gan dul i léig, agus a céile comhraic nó hiomaitheoir ag buaileadh ar na geataí agus ag brú isteach de ló is d'oíche, bliain i ndiaidh bliana.

Tá sé riachtanach rogha a dhéanamh. Fás nó bás. Níl aon rogha eile ann. Chun fás, ní mór Gaeilgeoirí sa Ghalltacht in Éirinn agus timpeall an domhain a nascadh le chéile i nGaeltachtaí samhalta (mar atá ag tarlú tríd an idirlíon anois), agus mar Ghaeltachtaí uirbeacha (mar a tharla i mBéal Feirste cheana féin as stuaim na ndaoine féin), agus leis na Gaeltachtaí oifigiúla. Is léir go dtuigeann údair Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge é seo, ach caithfear an fás seo a chur i bhfeidhm láithreach bonn, anois, inniu, mar beagnach gach moladh eile sa Straitéis.

ÉIST LEIS NA GEARÁIN I gCOINNE NA TEANGA, AGUS TABHAIR FREAGRAÍ MAITHE.

12. Is rí-mhinic go léimid i nuachtáin Éireannacha nó ar an idirlíon gearáin ó mhórán Éireannach mar seo leanas: “Ní féidir liom focal di a labhairt tar éis 14 bliana ag déanamh staidéir uirthi ar scoil. Tá an teanga sin gan mhaith gan feidhm gan bhuntáiste. Is am curtha amú aon am caite ag foghlaim na Gaeilge.”

Cé nach maith linn an ráiteas seo, tá cuid mhaith den fhírinne ann.

Tá ionadh, fiú díchreideamh, ar dhaoine timpeall an domhain nach bhfuil a fhios fós ag An Roinn Oideachais conas Gaeilge a mhúineadh 91 bliain tar éis bhunú an Stáit. Bíonn mic léinn ar fud an domhain líofa tar éis staidéar a dhéanamh ar theanga ar bith tar éis 6 bliana amháin. Cinnte, munab fhéidir le daltaí Gaeilge a labhairt tar éis 14 bliana, nó aon teanga a labhairt tar éis 14 bliana, cinnte gur chuir An Roinn Oideachais am na ndaltaí seo amú, is cuma cén teanga a bhí á foghlaim acu.

Munab fhéidir le duine feidhm a bhaint as uirlis, uirlis chumarsáide mar theanga san áireamh, is cinnte go bhfuil an uirlis sin gan feidhm don duine sin. Do mhórán daoine, tá Sínis gan mhaith gan feidhm gan bhuntáiste as an bhfáth amháin nach labhraíonn siad í. Ach tá Sínis an-úsáideach do 1.3 billiún daoine eile. Caithfidh tú a bheith in ann teanga a labhairt sular féidir leat feidhm a bhaint aisti.

An bhfuil an Ghaeilge gan mhaith gan feidhm gan bhuntáiste fiú do mhórán Gaeilgeoirí? Sin an fhadhb, nach ea? Mar a fheictear ón 17ú haois ar aghaidh, agus go háirithe ón 19ú haois, munab fhéidir le daoine slí mhaireachtála a bhaint amach dóibh féin nó dá bpáistí trí Ghaeilge, caithfidh siad an teanga a thréigean.

Dúirt James Carville i 1991 (as Béarla), “Is é an gilleagar é, a amadain.” (16) Is féidir linn é seo a athinsint maidir le Gaeilge mar seo: “Is é an easpa jabanna déanta trí mheán na Gaeilge é, a chara.”

13. Is minic go gcloisimid nó go bhfeicimid i gcló ráitis mar seo: “Ní maith liom Gaeilge a labhairt toisc go labhraíonn an grúpa paraimíleatach sin í.”

Bhuel, i gcodarsnacht leis an ráiteas a phléigh mé i bparagraf eile thuas, ní ach ceann amaideach an ceann seo. Ar dhiúltaigh George Washington Sacsbhéarla a labhairt toisc go raibh Sacsbhéarla ag Seoirse III? Ar thréig na hIodálaigh Iodáilis toisc gur labhair Mussolini í? Nó ar thréig na Síinigh Sínis toisc gur labhair na himpirí í? Cinnte níor thréig. Samhlaigh nach maith leat duine éigin, agus tá do thalamh, a thug do shinsir duit, ag teastáil ón duine sin. An dtugann tú dó é agus an imíonn tú gan focal a rá?

14. Is minic go gcloisimid nó go bhfeicimid i gcló ráitis eile mar seo: “Ní daonlathach é go gcaithfidh Gaeilge a fhoghlaim ar scoil. An bhfuil sé ceart gur éigean dúinn Gaeilge a fhoghlaim?”

Is cinnte gur ceist chasta í seo. Ach “Deir 65% de dhaoine (aois 15 - 24) gur chóir go mbeadh an Ghaeilge éigeantach don Ardeist. (Ipsos MRBI 2010)” (17) I ndaonlathas, is minic go nglacaimid cinneadh an thromlaigh, cé nach maith linn é.

Agus in aon tír eile ina bhfuil dhá theanga oifigiúla, an ndeireann aon rialtas daonlathach nár chóir do shaoránach foghlaim conas a labhairt le lucht na teanga eile? Cad a dhéanadh sé sin do thodhchaí na tíre sin?

Nó, in aon tír eile ina bhfuil dhá theanga oifigiúla, an ndeireann aon rialtas daonlathach go gcaithfidh an mionlach amháin a bheith freagrach as cumarsáid a dhéanamh leis an dtromlach, agus ní chaithfidh an tromlach a bheith freagrach as cumarsáid leis an mionlach? Ar dhaonlathas é sin, nó leatrom?

15. Ó am go ham cloisimid nó feicimid i gcló ráitis eile mar seo: “Is Éireannach mé, ní maith liom Gaeilge a labhairt, agus diúltaím Gaeilge a labhairt.”

Is cinnte go bhfuil ceart ag daoine gan Gaeilge a labhairt, agus is cinnte gur cóir meas a thabhairt don seasamh sin gan bac, cáineadh, masla, nó magadh. Ach más ceann desna daoine sin thú, agus má tá meas uait do do sheasamh, cuimhnigh nach cóir duit bac, cáineadh, masla, nó magadh a chur ar dhaoine eile ar mhaith leo scolaíocht a fháil dá bpáistí as Gaeilge, seirbhísí a fháil trí mheán na Gaeilge ó chomhlachtaí stáit agus ó chomhlachtaí státurraithe agus ó ranna an Stáit, nó jabanna a fháil i soláthar na seirbhísí sin trí mheán na Gaeilge, nó seirbhísí trí Ghaeilge a sholáthar ina ngnóthaí féin, nó jabanna a fháil i soláthar seirbhísí trí Ghaeilge i ngnóthaí príobháideacha, nó Gaeilge a labhairt gach lá gach áit ag gach leibhéal i rialtas, i ngnó, in oideachas, agus i ngach réimse eile ar fud na tíre.

FOINSÍ / SOURCES

1. “Meabhrúchán Miniúcháin Agus Airgeadais”, An Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta, Meitheamh 2012, L. 1
2. Ó Giollagáin, Conchúr agus Seosamh Mac Donnacha, Fiona Ní Chualáin, Aoife Ní Shéaghdha, Mary O’Brien. Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht: Príomhthátaí agus Moltaí, 2007. Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge ag Ollscoil na hÉireann, Gaillimh i gcomhar leis An Institiúid Náisiúnta um Anailís Réigiúnach agus Spásúil, Ollscoil na hÉireann, Maigh Nuad. L. 31
3. Príomhthuarascáil ón gCoiste um Thaighde ar Dhearcadh an Phobail i dTaobh na Gaeilge, Committee on Irish Language Attitudes Research, Márta 1975, L. 6
4. The Irish Language and the Irish People - Attitudes towards Competence in and Use of the Irish Language 2007-2008, Micheál Mac Gréil and Fergal Rhatigan, Department of Sociology, NUI Maynooth, L. vii
5. Straitéis 20 Bliain Don Ghaeilge 2010-2030, Rialtas na hÉireann, L. 5
6. Príomhthuarascáil ón gCoiste um Thaighde ar Dhearcadh an Phobail i dTaobh na Gaeilge, Committee on Irish Language Attitudes Research, Márta 1975, L. 4
7. The Irish Language and the Irish People - Attitudes towards Competence in and Use of the Irish Language 2007-2008, Micheál Mac Gréil and Fergal Rhatigan, Department of Sociology, NUI Maynooth, L. vii
8. Príomhthuarascáil ón gCoiste um Thaighde ar Dhearcadh an Phobail i dTaobh na Gaeilge, Committee on Irish Language Attitudes Research, Márta 1975, L. 8
9. “Irish in Northern Ireland” le Diarmuid Ó Néill, Rebuilding the Celtic Languages, eagartha le Diarmuid Ó Néill, Ceredigion, Wales: Y Lolfa Cyf., 2005, L. 329
10. “Cumas sa Ghaeilge ag 184,898 ó Thuaidh”, Nuacht24
<http://www.nuacht24.com/nuacht/gaeilge/cumas-sa-ghaeilge-ag-184898-o-thuaidh/>
11. “Irish in Northern Ireland” le Diarmuid Ó Néill, Rebuilding the Celtic Languages, eagartha le Diarmuid Ó Néill, Ceredigion, Wales: Y Lolfa Cyf., 2005, L. 329
12. Linguistic Institute of Ireland, message of December 22, 2003.
<http://linguistlist.org/issues/14/14-3554.html>
13. Tithe an Oireachtais, Written Answers - Linguistics Institute of Ireland. Wednesday, 4 February 2004 <http://debates.oireachtas.ie/dail/2004/02/04/00096.asp>
14. “Details of Respondent (Gaelscoileanna Teo.) provided to Forum on Patronage and Pluralism in the Primary Sector”, L.6
<http://www.education.ie/en/Press-Events/Conferences/Patronage-and-Pluralism-in-the-Primary-Sector/Patronage-Forum-Submissions-June-2011/Gaelscoileanna-Teoranta.pdf>
15. “Irish: what can be done?”, le Diarmuid Ó Néill, Rebuilding the Celtic Languages, eagartha le Diarmuid Ó Néill, Ceredigion, Wales: Y Lolfa Cyf., 2005, L. 279
16. Bunfhoinsé: http://en.wikipedia.org/wiki/It's_the_economy,_stupid
17. “Litir Oscailte d'Éanna Ó Cionnaith”, The Connaught Telegraph, 21 February 2011
<http://www.con-telegraph.ie/opinion/beo-go-deo/2332-litir-oscailte-deanna-o-cionnaith>

V. CONAS GAEILGE A NEARTÚ GO LÁITHREACH

Foilsithe in AN GAEL
Geimhreadh 2013

Is iad na modhanna is cinnte na hoibríochtaí ionsaithe, munab iad an t-aon-mhodh amháin iad, chun cosaint a dhéanamh. - George Washington, 1799

Fás nó básaigh. – George Land, 1973

RÉIMSÍ GNÍMH

Leanann na réimsí seo na réimsí luaite i Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge.

1. An t-Oideachas agus An Eacnamaíocht

Baineann sé seo i bpáirt leis an mír ar a dtugtar "Oideachas" sa Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge.

A. tábhacht an oideachais mar chabhair eacnamaíoch

Muna féidir le duine feidhm a bhaint as uirlis, agus uirlis chumarsáide mar theanga san áireamh, bíodh cinnte de gur úirlis gan mhaith is ea a leithéid. Do mhórán daoine, tá Sínis gan mhaith gan feidhm gan buntáiste mar níl sí acu. Ach tá Sínis an-úsáideach do 1.3 billiún daoine eile. Caithfidh an Ghaeilge a bheith ag daoine ionas gur féidir leo feidhm a bhaint aisti mar uirlis eacnamaíochta. Agus, ar ndóigh, bíonn oideachas riachtanach chun líon na nGaeilgeoirí a mhéadú agus Gaeilge a neartú mar theanga eacnamaíochta.

B. comharthaí naimhdis agus neafaise

I Mí na Nollag 2011, bhagair Ruairí Quinn, an t-Aire Oideachais agus Scileanna, go ndúnfadh sé 90% de scoileanna sna Gaeltachtaí. (1)(2)(3)(4)(5) Faoi bhrú, chéim Quinn ar gcúl ón mbagairt seo i 2012 ach is léir óna ghníomhartha agus bhriathra i 2013 nár thréig sé an beartas seo agus go bhfuil na scoileanna seo faoi bhagairt fós. (6)(7)(8)(9)

Cad é an fáth gur féidir leis an Aire Oideachais pobail sna Gaeltachtaí a scéimhliú nó a scriosadh gan cur ina choinnibh ó Airí na Gaeltachta?

I Mí na Samhna 2012, tháinig sé chun solais go raibh Gaelscoil Bharra i gCabrach, Baile Átha Cliath, ag múineadh i dteach tábhairne toisc, de réir na Roinne Oideachais agus Scileanna, gur scoil nár tharraing aird uirhi féin ab ea í. Ghabh an Roinn a leithscéal “mar gheall ar iarratas ón scoil ar fhoirgneamh a bheith imithe ar strae ar feadh cúig bliana.” (10)

I Mí Aibreáin 2013, mhol an Roinn Oideachais agus Scileanna 22 bhunscoil nua a bhunú, ceann amháin acu ina scoil lán-Ghaeilge. (11) Cén fáth nach raibh ar a laghad 30% nó 7 desna scoileanna seo ina scoileanna lán-Ghaeilge?

Más maith leis an Roinn Oideachais agus Scileanna a chur ina luí ar dhaoine laistigh agus lamuigh desna Gaeltachtaí gurb é seo an t-am chun an Ghaeilge a thréigean mar theanga phobail, theaglaigh, agus eacnamaíochta, níl aon chaoi níos fearr chun é a dhéanamh.

C. teip teagaisc

Is léir nach bhfuil a fhios ag an Roinn Oideachais conas Gaeilge a mhúineadh, breis agus 90 bliain tar éis bhunú an Stáit. Féach ar an athfhríotal seo as an “Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge”:

“Léirigh tuarascáil Harris (Iúil 2007) go raibh titim de 36.1% agus 40.5% i mbunscoileanna a bhfuil an Béarla mar mheán iontu agus i mbunscoileanna Gaeltachta faoi seach ar an líon daltaí a raibh máistreacht acu ar fhorbairt scileanna éisteachta, scileanna foclóra agus tuisceana idir 1985 agus 2002. Siúd is gur éirigh le beagán os cionn leath na ndaltaí líofacht a bhaint amach i dtuairisciú agus i gcumarsáid béil in 1985 i scoileanna a bhfuil an Béarla mar mheán iontu, ba lú ná an tríú cuid a bhain an líofacht sin amach in 2002. Aimsíodh sa staidéar freisin gur tháinig meath mór ar mhuintir múinteoirí; dúirt beagnach 25% de na múinteoirí i scoileanna a bhfuil an Béarla mar mheán iontu go raibh a gcaighdeán Gaeilge féin lag ...” (12)

D. Gaeilge éigeantach?

I Mí Eanáir 2011, d’fhógair an t-iarrthóir Enda Kenny gur mhaith leis agus lena pháirtí deireadh a chur le Gaeilge éigeantach, gníomh a mharódh cuid mhór den earnáil eacnamaíochta Gaeilge sna Gaeltachtaí, go háirithe na coláistí samhraidh.

Is rogha do mhuintir na hÉireann é ar chóir dul ar aghaidh le Gaeilge éigeantach sna scoileanna. Ach anseo, thar lear, is deacair a shamhlú nach mbeadh sé riachtanach teanga oifigiúil a fhoghlaim i scoil in aon tír eile. Má bhíonn sé ar an mionlach amháin dhá theanga a fhoghlaim chun páirt a ghlacadh sa Stát, nach leathcheal é sin?

E. ag séanadh do cheart daonna, sibhialta, dlíthiúil, agus bunreachtúil

Ar ndóigh is ceart bunúsach dosháraithe é oideachas a fháil dod' pháistí i dteanga atá uait. Níl aon cheart ag Roinn an Oideachais cosc a chur ar an gceart seo, is cuma cén leithscéal atá acu.

F. ag séanadh do cheart atá ráthaithe faoi Bhunreacht na hÉireann

Dé Mairt, 11 Bealtaine 2010, d'fhiafraigh Deputy Caoimhghín Ó Caoláin den Tánaiste agus den Aire Oideachais agus Scileanna (.i. Mary Coughlan ag an am sin) "cén fáth nár tugadh aitheantas do Ghaelscoil Ráth Tó i Meán Fómhair 2010 nuair nach bhfuil sé de chumas ag na scoileanna atá sa cheantar cheana féin ... freastal a dhéanamh ar mhian Bhunreachtúil na dtuismitheoirí mar phríomhoideachasóirí a bpáistí, chun oideachas lánGhaeilge a sholáthar dá bpáistí...?" (13)

Bhí an tUasal Ó Caoláin ag caint faoi Airteagal 42 i mBunreacht na hÉireann: (14)

(1) Admhaíonn an Stát gurb é an Teaghlach is múinteoir príomha dúchasach don leanbh, agus ráthaíonn gan cur isteach ar cheart doshannta ná ar dhualgas doshannta tuistí chun oideachas de réir a n-acmhainne a chur ar fáil dá gclainn i gcúrsaí creidimh, moráltachta, intleachta, coirp agus comhdhaonnachta.

(2) Tig le tuistí an t-oideachas sin a chur ar fáil dá gclainn ag baile nó i scoileanna príobháideacha nó i scoileanna a admhaítear nó a bhunaítear ag an Stát.

(3) Ní cead don Stát a chur d'fhiacha ar thuistí, in aghaidh a gcoinsiasa nó a rogha dleathaí, a gclann a chur ar scoileanna a bhunaítear ag an Stát nó ar aon chineál áirithe scoile a ainmnítear ag an Stát ...

(4) Ní foláir don Stát socrú a dhéanamh chun bunoidreachas a bheith ar fáil in aisce, agus iarracht a dhéanamh chun cabhrú go réasúnta agus chun cur le tionscnamh oideachais idir príobháideach agus chumannnta agus, nuair is riachtanas chun leasa an phobail é, áiseanna nó fundúireachtaí eile oideachais a chur ar fáil, ag féachaint go cuí, áfach, do chearta tuistí ...

I bhfocail eile, is fíor don Uasal Ó Caoláin, bíonn ceart ag tuismitheoirí scoileanna lán-Ghaeilge a éileamh agus a fháil faoin mBunreacht.

G. ag séanadh do cheart ata ráthaithe faoin Acht Oideachais 1998

De réir chéad línte an Achta Oideachais 1998, caithfidh an Roinn Oideachais agus Scileanna oideachas a sholáthar atá freagrach do tuismitheoirí, a thugann meas do éagsúlacht na dteangacha, agus a stiúrtar le meon comhpháirtíochta le tuismitheoirí. (15)(16)

I bhfocail eile, má tá oideachas trí Ghaeilge ag teastáil ó thuismitheoirí dá bpáistí, caithfidh an Roinn Oideachais agus Scileanna an t-oideachas sin a sholáthar. B'fhéidir gur deacair é seo a chreidiúint nuair a fhéachaimid ar ghníomhaíocht (nó easpa gníomhaíochta) na Roinne Oideachais go dtí anois, ach seo duit na focail féin:

Acht do dhéanamh socrú ar mhaithe le leas an phobail maidir le hoideachas gach duine sa stát ... ; dá áirithiú go bhfuil an córas oideachais cuntasach do mhic léinn, dá dtuismitheoirí agus don stát as an oideachas a sholáthraítear, go n-urramaíonn sé an éagsúlacht luachanna, creideamh, teangacha agus traidisiún i sochaí na héireann agus go stiúrtar é le meon comhpháirtíochta idir scoileanna, pátrúin, mic léinn, tuismitheoirí, múinteoirí agus foireann eile scoile, an pobal dá bhfónann an scoil agus an stát ... (17)

Freisin, faoi Alt 9 den Acht:

9. —Cuirfidh scoil aitheanta oideachas ar fáil do mhic léinn ar oideachas é is cuí dá gcumais agus dá riachtanais agus, gan dochar do ghinearáltacht an mhéid sin roimhe seo, úsáidfidh sí na hacmhainní a bheidh ar fáil di—

[In ainneoin an ailt seo den Acht, agus in ainneoin tuismitheoirí ag rá go bhfuil oideachas lán-Ghaeilge cuí do chumais agus riachtanais a bpáistí, is iondúil go ndiúltaíonn an Roinn Oideachais a éisteacht.]

(c) chun a chinntiú go mbeidh rochtain ag mic léinn ar threoir chuí chun cabhrú leo i dtaca lena roghanna oideachais agus gairme,

[An treoir chuí agus taca lena roghanna oideachais agus gairme í nuair a dhiúltaíonn an Roinn Oideachais agus Scileanna oideachas lán-Ghaeilge a thabhairt do dhaltá a bhfuil suim acu a oibriú ag RnaG, TG4, i scoileanna agus ollscoileanna áirithe agus i rannóga ar leith sa rialtas ina bhfuil gá Gaeilge iontu?]

(d) chun forbairt mhorálta, spioradálta, shóisialta agus phearsanta mac léinn a chur chun cinn ... i gcomhairle lena dtuismitheoirí, ag féachaint do spiorad sainiúil na scoile,

[Nach féidir forbairt mhorálta, spioradálta, shóisialta agus phearsanta mac léinn a chur chun cinn, ag féachaint do spiorad sainiúil na scoile, trí Ghaeilge?]

(f) chun forbairt na Gaeilge agus thraidisiúin na hÉireann, litríocht na hÉireann, na healaíona agus nithe cultúrtha eile, a chur chun cinn ...

[Ní deir an paragraf seo go gcaithfidh scoileanna agus an Roinn Oideachais é seo a dhéanamh ag baint áis as na modhanna is measa nach n-oibríonn, nó nach féidir leo áis a bhaint as na modhanna is fearr a oibríonn is fearr.]

h) i gcás scoileanna atá lonnaithe i limistéar Gaeltachta, chun cuidiú leis an nGaeilge a choinneáil mar phríomhtheanga an phobail ...

[Ós rud é gur bhagair an t-Aire Quinn dúnadh ar 90% desna scoileanna sna Gaeltachtaí, an féidir é nár léigh príomh-oifigigh na Roinne Oideachais, agus an t-aire ina measc, an t-Acht seo? Ní hea.]

H. An dtuigeann an Roinn Oideachais an dlí?

Tuigeann an Roinn Oideachais agus Scileanna, go mbíonn an Roinn Oideachais agus Scileanna freagracht faoin mBunreacht agus faoin nDlí. Seo duit cuid den mhéad a adúirt an Coimisiúin um Chóiríocht Scoile, cuid den Roinn, i 2011:

Deirtear in Airteagal 8 de Bhunreacht na hÉireann: “Ós í an Ghaeilge an teanga náisiúnta is í an phríomhtheanga oifigiúil í”. Tá cur chun cinn na Gaeilge tar éis a bheith mar aidhm thábhachtach ag Rialtais i ndiaidh a chéile sa tír seo, agus cosnaíodh áit na Gaeilge inár gcóras oideachais go seasta. Ba chóir go leanfaí leis seo. Tá tábhacht na Gaeilge léirithe arís sa straitéis 20 bliain don teanga a foilsíodh le déanaí, “Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030” ... Is fiú a thabhairt faoi deara freisin go bhfuil méadú os cionn 85,000 duine tagtha ar an líon daoine a labhraíonn Gaeilge sa tréimhse idir daonáirimh 2002 agus 2006. Tá an tsuim láidir leanúnach atá ag grúpaí tuismitheoirí i mbunscoileanna lán-Ghaeilge a bhunú ag tacú leis seo, agus is léir nach mór d’aon chóras maidir le bunú bunscoileanna nua a bheith leochaileach do sheasamh ar leith na Gaeilge inár gcultúr. Dá bharr sin, ba chóir freastal ar scoileanna Gaeilge sa chóras nua trí fhorbairtí campais le scoileanna eile, nó, nuair is cuí, ar a suíomhanna féin Ní mór tábhacht na Gaeilge a thabhairt faoi deara, ní hamháin i scoileanna lán-Ghaeilge ach i scoileanna a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla agus a thabhairt faoi deara gur feidhm de chuid gach scoile é an Ghaeilge a chur chun cinn. Tá sé seo leagtha síos san Acht Oideachais, 1998 (alt 9). (18)(19)

I. An bhfuil an Roinn Oideachais ag sárú an dlí d’aon ghnó?

Tugann an Roinn Oideachais gach dealramh go bhfuil an Roinn ag cumadh a rialacha féin chun an dlí a bhriseadh. Mar shampla, seo duit an méad a deir an Roinn faoi bhunscoileanna lán-Ghaeilge sa “Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge” i 2010:

Tá éileamh níos mó ann ar éagsúlacht ó thaobh cineálacha scoileanna, lena n-áirítear oideachas trí mheán na Gaeilge, ar fud na tíre in áiteanna a bhfuil an daonra ag fás iontu agus áiteanna nach bhfuil. Fágann na héilimh sin atá ag dul i neart go gcaithfear leasú a dhéanamh ar na nósanna imeachta ó thaobh aitheantais a thabhairt do bhunscoileanna nua. Go dtí go mbeidh an t-athbhreithniú sin déanta, bhí (sic) ar an Roinn Oideachais agus Scileanna glacadh le straitéis eatramhach faoina gceadaítear bunscoileanna nua a bhunú chun freastal a dhéanamh ar fhás déimeagrafach agus sin amháin, chun go mbainfí amach an tosaíocht fhoriomlán go mbeidh áit scoile ar fáil do gach leanbh. Is é an Coimisiún um Chóiríocht Scoile atá i mbun an athbhreithnithe (20)(21)

Dóibh siúd a bheadh ag súil le feabhas ar an mbeart seo ó Choimisiún um Chóiríocht Scoile, cuid den Roinn Oideachais, seo daoibh an méad a dúradar an bhliain i ndiaidh sin ina dtuarascáil:

Bhíothas in ann cuid den éileamh ar rogha níos mó ó thaobh soláthair a shásamh trí scoileanna nua a bhunú agus a thógáil sna ceantair sin inar tharla fás déimeagrafach suntasach. (22)(23)

agus

Ar an gcéad dul síos, tugtar faoi deara na socrúithe atá i bhfeidhm faoi láthair laistigh den Roinn Oideachais agus Scileanna chun an gá le scoileanna nua a aithint. (24)(25)

Agus sin é. Ní raibh focal eile maidir le hoideachas trí mheán na Gaeilge. I bhfocail eile, ní raibh aon athrú sa bheartas seo. Gan “fás déimeagrafach suntasach” agus “fás déimeagrafach agus sin amháin”, ní bhfaighidh lucht na Gaeilge scoil, fiú má tá cónaí orthu i bpobal slán seasmhach a bhíonn ag fanacht le gaelscoil le breis agus 90 bliain.

An bhfuil aon trácht sa Bhunreacht nó san Acht Oideachais 1998 nó in aon dlí eile go gcuirtear cearta daonna, sibhialta, dlíthiúla, agus bunreachtúla ar ceal i bpobail nach bhfuil “fás déimeagrafach suntasach” acu?

Leanann ráiteas na Roinne sa Straitéis 20 Bliain mar seo faoi ghaelcholáistí:

“Ag an iar-bhunleibhéal, bunaíodh socrúithe nua d’aitheantas scoileanna dara leibhéal i mí Iúil 2010. Tá soláthar iontu sin do chreat nua ina leagtar amach critéir shoiléire faoina ndéanfar iarratais ar scoileanna nua dara leibhéal a mheas. Samhlaíonn na critéir nua sin nach mbunófar scoileanna nua ach in áiteanna ina mbeidh éileamh déimeagrafach agus gur idir 800 agus 1000 dalta ar an meán a bheidh sna scoileanna nua. Leag na critéir amach freisin gur 400 an bhonntairseach do ghaelcholáistí, ag féachaint don rogha ar aonad a bhunú laistigh de scoil.” (26)(27)

An bhfuil aon trácht sa Bhunreacht nó san Acht Oideachais 1998 nó in aon dlí eile go gcuirtear cearta daonna, sibhialta, dlíthiúla, agus bunreachtúla ar ceal in aon phobal nach bhfuil 400 dalta acu chun gaelcholáiste a bhunú?

J. moltaí don réimse oideachais

* Gach uair go séanann an Roinn Oideachais (nó aon Chomhlacht Poiblí eile) do chearta mar thuismitheoir nó mar dhalta nó mar shaoránach, cearta atá agat faoi Bhunreacht na hÉireann, an tAcht Oideachais 1998, Acht na dTeagacha Oifigiúla 2003, nó aon dlí eile, is sárú an dlí é sin. Tuairiscigh an sárú sin do Oifig an Choimisinéara Teanga ag

An Coimisinéir Teanga

An Spidéal, Co. na Gaillimhe.

Fón: (091) 504006 | Facs: (091) 504036

eolas@coimisineir.ie

http://www.coimisineir.ie/index.php?page=sonrai_tagmhala&tid=3

Tá siad cairdiúil agus proifisiúnta araon, ba mhaith leo cabhrú leat, agus gheobhaidh tú freagra uathu go láithreach.

* Éiligh breis-reachtaíocht go bhfaighidh gach dalta oideachas lán-Ghaeilge láithreach má tá sé sin ag teastáil óna t(h)uismitheoirí, díreach mar go bhfaighidh aon dalta oideachas trí Shacsbhéarla láithreach má tá sé sin ag teastáil óna t(h)uismitheoirí.

* Toisc gur léir é gurb é an beartas ag an Roinn Oideachais agus Scileanna dúnadh a bhagairt ar gaelscoileanna sna Gaeltachtaí; ag cur imní, eagla, agus meath ar phobail na Gaeilge; agus gan gaelscolaíocht a fhorbhairt nó a thacú go gníomhach (nó beagnach ar bith); agus gan Gaeilge a mhúineadh go ceart nó go maith ar fud na tíre; agus rialacha a tharrac as an aeir chun cearta mhuintir na hÉireann a shéanadh; an bhfuil sé riachtanach múineadh na Gaeilge, gaelscolaíocht, agus scoileanna sna Gaeltachtaí a bhaint in iomlán ón Roinn Oideachais agus Scileanna?

* Measúnaigh an bhfuil sé riachtanach roinn nó rannóg nua a chruthú a bheadh freagrach as Gaeilge, múineadh na Gaeilge, lucht na Gaeilge, forbairt na nGaeltachtaí, agus leathadh na Gaeilge ar fud na tíre, ní sna Gaeltachtaí amháin, ach gan bainte aige le haon rud eile nach mbaineann leis na feidhmeanna agus cuspóirí seo.

* Idir an dá linn, éiligh breis-reachtaíocht nach féidir leis an Roinn Oideachais agus Scileanna aon rud a dhéanamh nó a fhógairt maidir le scoileanna sna Gaeltachtaí gan chead ón Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta.

* Toisc gur dóchúil é go mbeidh sé riachtanach scoil lán-Ghaeilge agus scoil Sacsbhéarlach a lonnú le chéile i bhfoirgneamh amháin i bpobail áirithe, ba chóir neamhspleáchas na gaelscoile a chinntiú de réir treoireacha cuimsitheach^{2a} mar na treoireacha seo ó Ghaelscoileanna Teo. Féach ar

<http://www.gaelscoileanna.ie/assets/Gaelscoileanna-Teo.-Policy-on-Irish-medium-Units.pdf>

* Toisc nach bhfuil múinteoirí líofa go leor le fáil sna scoileanna Sacsbhéarlacha, éiligh reachtaíocht go bhfostaífead breis-mhúinteoirí líofa, go háirithe cainteoirí dúchasacha. Déanfaidh san cosaint ar ard-chaighdeán na Gaeilge agus ísleoidh sé sin dífhiostaíocht agus eisimirce lucht na Gaeilge.

* Toisc nach bhfuil staitisticí foilsithe le breis agus 10 mbliain faoi éileamh gaelscolaíochta, éiligh reachtaíocht go mbaileoidh an Phríomh-Oifig Staidreamh na staitisticí seo agus staitisticí faoi fhreastail i ngaelscoileanna agus i ngaelcholaáistí ionas gur féidir dul chun cinn a mheasúnú sa réimse seo.

2. Lucht na Gaeilge sna Gaeltachtaí, sa Ghalltacht, sa Ghaeltacht Samhalta, agus an Eacnamaíocht

Baineann sé seo i bpáirt leis an mír ar a dtugtar "An Ghaeltacht" sa Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge.

A. Bunaithe ar chosaint amháin, bhí teip in ndán don bhun-straitéis Ghaeltachta ó thús.

Ní raibh sé riamh cóir nó cothrom caomhnú na teanga náisiúnta a chur ar mhionlach beag i gcuid desna ceantair is boichte sa tír.

“Is dea-ionsaí an chosaint is fearr.” Is léir nach ndearna an 'Gaeltacht Strategy', tosaithe i 1926, an gnó. Bhí agus tá an straitéis sin bunaithe go príomha ar chosaint amháin. Mar sin, ón dtosú, ghéill an straitéis sin buntáiste, cainteoirí, agus talamh do Shacsbhéarla. Ní féidir le haon teanga fanacht mar atá, gan laghdú, agus a céile comhraic nó iomraitheoir ag buaileadh ar na geataí agus ag brú isteach gach lá is oíche bliain i ndiaidh bliana.

Tá sé riachtanach rogha a dhéanamh. Fás nó an bás. Níl aon rogha eile ann.

B. Tá mórchuid de lucht na Gaeilge sa Ghalltacht, seachas sna Gaeltachtaí. Is mithid iad a nascadh le chéile.

Chun fás, caithfear Gaeilgeoirí san Ghalltacht in Éirinn agus timpeall an domhain a nascadh le chéile leis na Gaeltachtaí oifigiúla. Is léir go dtuigeann údair Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge é seo, ach caithfear an fás seo a chur i bhfeidhm láithreach bonn, anois, inniu, mar beagnach gach moladh eile sa Straitéis.

Tá a fhios ag gach duine go mbíonn Gaeilgeoirí ag aistriú in uimhreacha móra ón nGaeltacht go cathracha agus bailte móra in Éirinn agus thar lear chun jabanna a fháil le breis agus 160 bliana. Agus líon na nGaeilgeoirí sna Gaeltachtaí ag laghdú, bíonn líon na nGaeilgeoirí lasmuigh desna Gaeltachtaí ag méadú.

I 2002 sa Phoblacht, ní raibh ach timpeall 62,000 Gaeilgeoir ina gcónaí fós sna Gaeltachtaí oifigiúla agus timpeall 340,000 Gaeilgeoir líofa, a bheag nó a mhór sa Phoblacht lasmuigh desna Gaeltachtaí agus ag éileamh úsáid laethúil na Gaeilge. (28) Sa bhreis, tá Gaeilgeoirí eile ina gcónaí timpeall an domhain, idir 18,000 agus 25,000 sna S.A.M. amháin. (2000 Census: 25,661. 2005 Census: 18,815) I 2006, dúirt 1.6 milliún (41% de mhuintir Phoblacht na hÉireann) go bhfuil siad in ann Gaeilge a labhairt ag leibhéal éigin. (Daonáireamh 2006) I 2002, dúirt timpeall 339,000 nó 8% sa Phoblacht go raibh siad líofa. (29) Agus, “Tá cumas éigin sa Ghaeilge ag 184,898 duine i sé chontae an tuaiscirt, dar le réamhthorthaí Dhaonáireamh 2011..... “ (30) I 2002 i sé chontae an tuaisceart, mhaígh 75,125 (4.5%) de 1,685,267 go raibh siad líofa, a bheag nó a mhór, i nGaeilge. (31)

I bhfocail eile, tá timpeall 415,000 líofa sa Ghaeilge ar oileán na hÉirinn gan Gaeilgeoirí thar lear a chomháireamh

C. Moltaí maidir le Lucht na Gaeilge sna Gaeltachtaí, sa Ghalltacht, sa Ghaeltacht Samhalta, agus an Eacnamaíocht

An féidir iad a nascadh le chéile? Cinnte. Is féidir é seo a dhéanamh i nGaeltachtaí samhalta (mar atá ag tarlú tríd an idirlíon agus a mheáin shóisialta anois), aghaidh ar aghaidh i nGaeltachtaí uirbeacha (mar atá forbartha i mBéal Féirste cheana féin as stuaim na ndaoine féin), trí úsáid níos éifeachtaí na meán poiblí cumarsáide (e.g., TG4) mar a fheicfear i bparagraf a 5 thíos, agus níos mó ná sin.

Mar shampla, más maith le cathair aon áit ar an domhan níos mó gnó a dhéanamh le haon chathair eile, feicimid feachtais, cruinnithe, agus nascadh oifigiúil. Cad faoi nascadh as Gaeilge idir pobail sna Gaeltachtaí agus pobail fo-uirbeacha agus uirbeacha sa Ghalltacht ar mhaith leo Gaeilge a chur chun cinn?

Agus níl aon ghá fanacht leis an rialtas chun é seo a dhéanamh. Mar shampla, gan aon mhaoiniú agus ag obair le hoibrithe deonacha amháin, nascann Cumann Carad na Gaeilge breis agus 1400 daltaí na Gaeilge timpeall an domhain ar an idirlíon. (32) Clóbhuaile an focal ‘Gaeilge’ isteach in aon inneal cuardaigh agus féach ar an méad buillí a ngeobhaidh tú. (Cad faoi 25,000,000 - 42,000,000?) Féach freisin orthu seo:

www.beo.ie/
www.feasta.ie/
www.foinse.ie/
www.gaelpport.com/
www.nuacht24.com
<http://antuairisceoir.com/>
www.angaelmagazine.com
 agus a leithéid.

Ní raibh ach timpeall 400,000 Iúdach in bPalaistín i 1947, agus ní raibh Eabhrais ag gach ceann acu. Inniu, tá breis agus 415,000 in Éirinn amháin atá líofa, a bheag nó a mhór, i nGaeilge. An leor an uimhir sin chun teanga láidir eacnamaíochta a chruthú arís den Ghaeilge? Cinnte gur féidir leis na hÉireannaigh tógáil ar an mbunchloch maith sin.

Ach ná fan leis an rialtas. Déan tú féin agus sibh féin é.

3. “An Teaghlach ag Cur na Teanga ar Aghaidh – Idirghabháil go Luath” (.i. an fotheidil sa Staitéis 20 Bliain don Ghaeilge)

A. spreagadh ón Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta

Fuaireamar an pácaiste a sheolann an Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta chuig tuimitheoirí chun labhairt na Gaeilge a spreagadh i dteaghlaigh. Tá sé go deas go leor. Ina litir cumhdaigh, scríobhann siad

Má roghnaíonn tú Gaeilge mar theanga do chlainne, tá tú ag tabhairt buntáiste luachmhar do do pháiste a d’fhéadfadh cabhrú leis/léi:

- 1. foghlaim conas léamh agus comhaireamh*
- 2. teangacha eile a fhoghlaim*
- 3. scileanna cumarsáide a fhorbairt*
- 4. post a fháil amach anseo*
- 5. cairde nua a dhéanamh*
- 6. a bheith páirteach i nglúin nua cainteoirí Gaeilge*
- 7. féiniúlacht a threisiú.*

Cinnte gur ceart tacaíocht a thabhairt do Ghaeilge sa teaghlach. Leanann an smaoinemh sin na teoiricí teangeolaíochta is fearr agus is déanaí. Ach má bhíonn fíor-bhuntaíste eacnamaíochta ag an nGaeilge, cuirfidh mórchuid na dtuismitheoirí béim ar Ghaeilge gan aon spreagadh ón Rialtas, díreach mar ar chuir mórchuid na dtuismitheoirí béim ar Shacsbhéarla gan aon spreagadh ón Rialtas ón 19ú haois go dtí inniu.

Aistroidh daoine go teanga eile más féidir leo saol maith a dhéanamh tríthí dóibh féin agus dá bpáistí. Muna bhféidir le daoine saol maith a dhéanamh trí Ghaeilge, leanfaidh meath na Gaeilge go dtí a bás.

B. moladh maidir leis An Teaghlach ag Cur na Teanga ar Aghaidh

An chaoi is fearr chun an teanga a chur ar aghaidh i dteaghlaigh ná an teanga a athbhunú mar theanga eacnamaíochta.

4. An Rialtas, an Ghaeilge, agus an Eacnamaíocht

Baineann sé seo i bpáirt leis an mír ar a dtugtar "Riarachán, Seirbhísí agus Pobal" sa Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge.

A. ag tarraingt i malairt treo

Ar dtús, caithfimid an cheist a chur: “Cé tá i gceannas?”

I bhFeabhra 2011, d’admhaigh Donnchadh Mac Fhionnlaoich, T.D agus Aire Stáit le freagracht as an nGaeltacht agus na hOileáin, nach ndeachaigh éinne i gcomhairle leis ar cheapadh bheartas an rialtais um Ghaeilge agus ní raibh a fhios ar bith aige cén taighde a mbaineadh áis as chun beartas a pháirtí a cheapadh. (33)

Tá sé seo amaideach.

I Mí na Nollag 2011, bhagair Ruairí Quinn, an t-Aire Oideachais agus Scileanna, dúnadh ar 90% de scoileanna sna Gaeltachtaí. (34) (35) (36) (37) (38) Níor bhog Quinn ar gcúl ón mbagairt seo go dtí am éigin i 2012 ach is léir óna ghníomhartha agus bhriathra i 2013 nár thréig sé an beartas seo agus go bhfuil na scoileanna seo faoi bhagairt fós. (39) (40) (41) (42)

Tá sé seo amaideach.

I Márta 2013, tháinig sé seo chun solais:

"Rinneadh gearán le hOifig an Choimisinéara Teanga gur gabhadh fear san éagóir de bharr gur iarr sé ar Gharda a stop é i dtaca le cion tráchtá a chuid gnó a dhéanamh trí Ghaeilge. Tugadh an fear faoi ghlais lámh go stáisiún Gardaí, áit ar coinníodh é go dtí go raibh ball den Gharda Síochána ar fáil le plé leis i nGaeilge. Dúirt an gearánach gur fhág 'an t-eispéireas ar fad náirithe agus maslaithe mé, agus dúradh liom roinnt uaireanta nach raibh ceart agam an gnó a dhéanamh trí Ghaeilge, nár chóir dom sin a dhéanamh, is nach mbeinn gafa murach an Ghaeilge a bheith á labhairt agam ...' " (43)

Tá sé seo amaideach.

Ag breathnú ar shamplaí mar an Ioruais sa 19ú haois, an Eabhrais i lár na 20ú haoise, an Bhascais, an Chatalóinis, an Bhreatainis agus a lán teangacha eile ag tosú na 21ú haoise, is féidir linn a fheiceáil gur féidir teanga a athbheochan go rathúil le bainistíocht churamach. Ach is léir nach bhfuil a leithéid de bhainistíocht ar fáil ag an am seo in Éirinn.

B. Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003

Tosaíonn Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 mar seo:

Acht chun úsáid na gaeilge a chur chun cinn chun críoch oifigiúil sa stát; chun socrú a dhéanamh maidir le dhá theanga oifigiúla an stáit a úsáid in imeachtaí parlaiminte, in achtanna an Oireachtais, i riaradh an cheartais, le linn cumarsáid a dhéanamh leis an bpobal nó seirbhísí a sholáthar don phobal agus le linn obair comhlachtaí poiblí a dhéanamh; chun dualgais comhlachtaí den sórt sin i leith theangacha oifigiúla an stáit a leagan amach; agus chun na gcríoch sin, chun socrú a dhéanamh maidir le bunú Oifig Choimisinéir na dTeangacha Oifigiúla agus chun a feidhmeanna a mhíniú; chun socrú a dhéanamh maidir leis an gCoimisinéir d'fhoilsiú faisnéis áirithe a bhaineann le críocha an achta seo; agus chun socrú a dhéanamh i dtaobh nithe gaolmhara. [14 Iúil, 2003] (44)(45)

Caithfidh Tithe an Oireachtais, na Cúirteanna, agus na Comhlachtaí Poiblí (le gach roinn an rialtais ina measc) cumarsáid a dhéanamh as Gaeilge leat má bhaineann tú áis as Gaeilge chun cumarsáid a dhéanamh leo. (46)(47) Is féidir leat liosta na gComhlachtaí Poiblí a fháil anseo: <http://acts.oireachtas.ie/ga.act.2003.0032.8.html#sched1>

C. gan tarraingt ar bith

Féach ar na habairtí seo ó *Tuarascáil Bhliantúil* an Choimisinéara Teanga:

RÉAMHRÁ

Ní sárbhliain a bhí in 2012 maidir le cur chun cinn na Gaeilge i státchóras na tíre, agus ar scáth aon choiscéim a tugadh chun tosaigh, ba chosúil go raibh péire á dtabhairt ar gcúl.

Thug figiúirí ón Daonáireamh is deireanaí a foilsíodh le linn na bliana 2012 léargas dearfach go maith maidir le húsáid na Gaeilge sa tír. Léirigh na staitisticí go raibh méadú 7% ón Daonáireamh roimhe sin ar líon na ndaoine sa tír a dúirt go raibh Gaeilge acu, méadú 7% ar líon na ndaoine lasmuigh den chóras oideachais a dúirt gur úsáid siad an teanga go laethúil, agus méadú 3% ar líon na ndaoine sa Ghaeltacht a dúirt gur úsáid siad an teanga go laethúil lasmuigh den chóras oideachais.

Claonadh dearfach agus dea-scéala atá sna staitisticí sin. Níl aon amhras orm ach go mbeadh na staitisticí ní ba shláintiúla fós dá mbeadh beart á dhéanamh ag an Stát de réir briathair fad is a bhaineann sé leis an tacaíocht a thugtar don teanga. Tá cuid mhór den phobal i gcoitinne ar son chaomhnú agus chur chun cinn na teanga agus tá sin léirithe go soiléir i dtaighde agus i suirbhéanna éagsúla in imeacht na mblianta. Tá, áfach, dar liom, bearna shuntasach idir mianta an phobail i leith na teanga agus iarracht an státchórais féin i leith na teanga.

Scéimeanna teanga

Cé gur dhaingnigh an Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta naoi gcinn bhreise de scéimeanna teanga le comhlachtaí poiblí faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla le linn na bliana 2012, tháinig méadú níos suntasaí fós ar líon na scéimeanna teanga a bhí imithe “in éag” gan athnuachan a bheith déanta orthu. Agus, arís eile, mhéadaigh an mheántréimhse ama a bhfuil scéimeanna teanga fágtha gan athnuachan.

Tá córas na scéimeanna teanga i gcroílár na reachtaíochta agus braitear ar an gcóras sin le forbairt a dhéanamh ar líon agus ar chaighdeán na seirbhísí trí Ghaeilge a sholáthraíonn comhlachtaí poiblí.

San iomlán, as na 104 scéim teanga a bhí daingnithe ó thús aimsire le comhlachtaí poiblí, bhí 79 acu sin “in éag” faoi dheireadh na bliana 2012; is ionann sin agus trí scéim as gach ceithre cinn nó 75% ar fad a bheith in éag. Bhí 11 de na scéimeanna teanga sin in éag le tréimhse ama ceithre bliana ar a laghad agus 13 eile acu in éag le breis agus trí bliana. Tá mioneolas faoi na comhlachtaí poiblí a bhfuil a gcuid scéimeanna teanga imithe in éag agus iad sin a bhfuil athnuachan déanta orthu le fáil sa Tuarascáil seo.

Sa bhreis air sin, bhí 39 comhlacht poiblí eile ann a raibh an chéad dréachtscéim iarrtha orthu ach nach raibh siad aontaithe ná daingnithe fós mar scéimeanna ag an Aire Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta faoi dheireadh 2012. I gcás deich gcinn acu sin, bhí breis agus sé bliana imithe ó iarradh orthu an dréachtscéim a ullmhú.

Cé go bhfuil rabhaidh rialta á dtabhairt agam ar an ábhar seo le blianta, is mór é m'inní gur cosúil go bhfuil teipthe tríd is tríd anois ar chóras daingnithe na scéimeanna teanga a bheith curtha ar aon bhonn fóna nó seasmhach. (48)

Breathnaigh ar na huimhreacha arís:

104 scéimeanna daingnithe ó thús
 +39 nach aontaithe ná daingnithe fós

 143 comhlacht poiblí

79 in éag
 39 gan scéim riamh

 118 (83%) gan scéim as 143 comhlacht poiblí

Mar sin, d'ainneoin Achta na dTeangacha Oifigiúla 2003 is féidir linn feiceáil:

- Diúltaíonn cuid is mó an rialtais pleananna a choinneáil nó fiú amháin a chruthú faoi sholáthar seirbhísí as Gaeilge, cé go bhfuil sé sin riachtanach faoin Acht.
- Mar sin, tá sé réasúnta a mheas go ndiúltaíonn cuid is mó an rialtais seirbhísí as Gaeilge a chur ar fáil, fiú amháin sna Gaeltachtaí, cé go bhfuil na seirbhísí sin riachtanach faoin Acht ar fud na tíre.

D'ainneoin an Achta seo, cad is féidir linn a rá ach go mbíonn cuid mhór an rialtais, b'fhéidir cuid is mó an rialtais, gníomhach fós i marú na Gaeilge agus i ndiúltú cearta daonna laistigh agus lasmuigh desna nGaeltachtaí.

Cén fáth go mbíonn fíneálacha troma nó pionóis eile gearrtha ar chomhlachtaí poiblí agus oifigigh nach gcomhlíonann a ndualgais faoin dlí, ach amháin dlithe a bhaineann le Gaeilge agus le pobail na Gaeilge?

D. Moltaí maidir leis an rialtas, an Ghaeilge, agus an eacnamaíocht.

1) seirbhísí

Éiligh seirbhísí as Gaeilge (agus mar sin postanna a dhéantar trí Ghaeilge) ó gach Comhlacht Poiblí (an Roinn Oideachais, gach roinn eile an rialtais, agus na meáin chumarsáide poiblí ina measc). Tá an ceart agat mar shaoránach.

2) dóibh siúd a bhriseann an dlí

Measúnaigh ar chóir reachtaíocht nua a éileamh a ghearrfadh fíneálacha ar chomhlacht poiblí agus oifigigh nach gcomhlíonann a ndualgais faoi Bhunreacht na hÉireann, Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003, Acht Oideachais 1998, agus aon dlí eile a bhaineann le Gaeilge agus pobail na Gaeilge.

5. Meáin Phoiblí Chumarsáide agus an Eacnamaíocht

Baineann sé seo i bpáirt leis an mír ar a dtugtar "Na Meáin agus an Teicneolaíocht" sa Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge.

A. Tá obair iontach á déanamh ag RnG agus TG4

Bíonn sár-obair á déanamh ag TG4 agus Raidió na Gaeltachta gach lá agus tá siad ag forbairt clár agus meán nua digiteach chun a lucht féachana agus éisteacha a mhéadú. Níl ach cúpla moltaí eile againn.

B. moltaí maidir leis na Meáin Phoiblí Chumarsáide agus an Eacnamaíocht

1) fógraí áitiúla

Is cosúil le stáisiúnacha áitiúla iad TG4 agus Raidió na Gaeltachta, ag cúngchraoladh chuig lucht féachana agus éisteacha áirithe ar leith. Coimisiníonn siad cláir iontacha as Gaeilge, ach ní oibríonn siad mar stáisiúnacha áitiúla sa réimse fógraíochta, ceann desna príomhmhodhanna a nascaíonn stáisiúnacha lena bpobail ar bhonn eacnamaíoch.

Mar shampla, anseo thar lear, bheadh súil againn fógraí áitiúla a fheiceáil ar TG4 as Gaeilge déanta le comhlachtaí beaga sna Gaeltachtaí nó sa Ghalltacht ar son comhlachtaí beaga áitiúla ag díol táirgí agus seirbhísí as Gaeilge. In ionad sin, feicimid ar TG4 fógraí idirnáisiúnta déanta thar lear (agus ní le Gaeilgeoirí) ag díol táirgí mar Febreze as Sacsbhéarla.

2) cláir

Bheadh súil againn sceideal déanta as Gaeilge in iomlán le comhlachtaí beaga ag obair trí mheán na Gaeilge lonnaithe sna Gaeltachtaí nó sa Ghalltacht. In ionad sin, feicimid ar TG4 cláir mar Bonanza, Little House on the Prairie, Pimp My Ride, agus a leithéid. Cinnte gur féidir le TG4 ceadúnais na gclár seo a cheannach gan chostas mór toisc gur tír bheag í Éire. Ach is cinnte é freisin gur féidir le TG4, leis an airgead céanna, níos mó clár as Gaeilge a choimisíniú ó léiritheoirí áitiúla a bheadh ag obair trí mheán na Gaeilge.

Deiseanna caillte. Má bhíonn na tionscail dúchasacha fhógraíochta agus scannánaíochta lag in Éirinn, muna bhfuil mórán fostaithe ó lá go lá i léiriú fógraíochta agus scannán, is é ceann desna fáthanna é seo.

6. “Foclóirí” (.i. an fo-theidil sa Staitéis 20 Bliain don Ghaeilge)

A. foclóirí nua

Mar a luaítear sa Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge, tá sár-obair á déanamh sa réimse seo. Bíonn sé an-tábhachtach fóclóirí maithe suas-go-dáta lán le téarmaíocht nua-aimseartha a bheith againn, go háirithe do ghnó agus do fhoghlaimoirí nach bhfuil cónaí orthu sna Gaeltachtaí.

B. moladh maidir le foclóirí

Ach is coir dúinn cuimhniú go bhfuilimid i mbaol go mbeadh ár bhfoclóirí go luath ina n-iarsmí mar “Zeisberger’s Indian Dictionary” do Onandaga agus Delaware (.i. Leni Lenape). Tá sé riachtanach straitéis agus modhanna a athrú go láithreach chun ár dteanga agus ár bpobal a neartú.

7. “Reachtaíocht agus Stádas” (.i. an fo-theidil sa Staitéis 20 Bliain don Ghaeilge)

Mar a chonaiceamar i gCaibidil III, más féidir le daoine postanna maithe a fháil ag obair i dteanga áirithe, bíonn ard-stádas neamhoifigiúil (.i. ard-mheas) ag an dteanga sin. Caithfidh níos mó postanna a dhéantar trí Ghaeilge a chruthú i ngach earnáil - an t-oideachas, an rialtas, agus an earnáil phríobháideach ina measc. Is bealach tábhachtach chun na postanna sin a chruthú an stádas oifigiúil. Mar sin, is bealach chun stádas neamhoifigiúil na teanga a ardú an stádas oifigiúil.

Moltaí

A. seirbhísí

Éiligh seirbhísí as Gaeilge (agus mar sin postanna a dhéantar trí Ghaeilge) ó gach Comhlacht Poiblí (an Roinn Oideachais, gach roinn eile an rialtais, agus na meáin chumarsáide poiblí ina measc). Tá an ceart agat mar shaoránach.

B. dóibh siúd a bhriseann an dlí

Measúnaigh ar chóir reachtaíocht nua a éileamh a ghearrfadh fíneálacha ar chomhlacht poiblí agus oifigigh nach gcomhlíonann a ndualgais faoi Bhunreacht na hÉireann, Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003, Acht Oideachais 1998, agus aon dlí eile a bhaineann le Gaeilge agus pobail na Gaeilge.

8. Eacnamaíocht na Gaeilge san Earnáil Phríobháideach

A. easpa tuisceana?

Cuireann an rialtas “Saol Eacnamaíochta” ar an mír seo sa Straitéis 20 Bliain. An dtaispeánann sé seo nach dtuigeann an rialtas go mbíonn tionchar ag gach mír sa “Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge” ar eacnamaíocht phobail na Gaeilge laistigh agus lamuigh na nGaeltachtaí?

B. moladh maidir le hEacnamaíocht na Gaeilge san Earnáil Phríobháideach

Ná fan leis an rialtas. Ní leis an rialtas do theanga. Agus trí bhliain tar éis “Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge”, deirtear go bhfuil beagnach faic déanta ag an Rialtas ach cíorruithe. (49)(50)

An bhfuil gnólacht agat? An bhfuil tú i mbun siopa, roinn i siopa, nó oifig? An bhfuil daoine a oibríonn leat líofa as Gaeilge? Sna S.A.M., is minic go bhfeicimid fógraí as teangacha éagsúla. Is an-choitianta é (nó b’fhéidir an riail na laethanta seo) go gcloisimid “Chun seirbhís a fháil as [teanga X] brúigh uimhir a dó.” Ar line, is minic gur féidir linn Spáinnis nó teanga eile a roghnú. Tarraingíonn modhanna mar seo custaiméirí a bheidh dílseach sa todhchaí agus ardaíonn modhanna mar seo dílseacht na gcustaiméirí atá ag gnólacht cheana féin. Spreag gnólachtaí eile seirbhísí agus táirgí a chur ar fáil as Gaeilge, agus ceannaigh uatha go rialta nuair a ndéanann siad é sin.

An ndéanann tú táirge éigin? Cuir “Déanta in Éirinn” air, le treoireacha as Gaeilge taobh ar thaobh le Fraincis, Spáinnis, Sacsbhéarla, 7rl. An gcuireann tú litir nuachta chuig do chustaiméirí? Faigh amach cén acu ar mhaith leo í a fháil as Gaeilge. Nasc leo ar abairleat.com, Twitter, Facebook, LinkedIn, r-phost, agus aghaidh ar aghaidh. Samhlaigh modhanna chun daoine a mhealladh chuig do ghnó le Gaeilge.

Má bhíonn deis ag daoine Gaeilge a labhairt go nádúrtha go compordach, labhróidh siad í. Gan amhras gur féidir leat smaointe níos fearr a cheapadh agus iad a chur i bhfeidhm. Déan anois é.

FOINSÍ / SOURCES

1. Bunfhoirse: Galltacht:
<http://galltacht.blogspot.com/2011/12/90-of-gaeltacht-schools-to-close.html>
2. Bunfhoirse: Closure of small schools is death by a thousand cuts for communities.
<http://www.examiner.ie/ireland/closure-of-small-schools-is-death-by-a-thousand-cuts-for-communities-180410.html>
3. Bunfhoirse: Budget rips heart out of rural Ireland.
<http://educationmatters.ie/yearbook/2012/01/budget-rips-heart-out-of-rural-ireland-2/>
4. Bunfhoirse: Gaeltacht schools bear brunt of cuts.
<http://www.gaelscoileanna.ie/en/news/media/gaeltacht-schools-bear-brunt-of-cuts/>
5. Bunfhoirse: Save our Small Schools. <http://ruralscoilnet.wordpress.com/>
6. Bunfhoirse: April 1, 2013. Teachers' union warns Education Minister Ruairi Quinn against plan to shut 600 rural schools.
<http://www.irishmirror.ie/news/irish-news/education/unions-slammed-calls-shut-600-1913573>
7. Bunfhoirse: April 3, 2013. Rural schools to follow Garda stations as new cull signalled.
<http://www.tuamherald.ie/2013/04/03/rural-schools-to-follow-garda-stations-as-new-cull-signalled/>
8. Bunfhoirse: August 19, 2013. Minister Ruairi Quinn to make crippling cuts to education sector.
<http://www.irishmirror.ie/news/irish-news/politics/ruairi-quinn-education-cuts-2182391>
9. Bunfhoirse: August 29, 2013. Kitt calls for small schools protection.
http://www.clarechampion.ie/index.php?option=com_content&view=article&id=5794:kitt-calls-for-small-schools-protection&catid=58:gort&Itemid=56
10. Bunfhoirse: gaelscoileanna.ie: <http://www.gaelscoileanna.ie/2012/11/?lang=en>
11. Bunfhoirse: An Tuairisceoir:
<http://antuirisceoir.com/2013/04/02/gaelscoil-amhain-molta-22-scoil-do-educate-together/>
12. Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge, L. 11, par. 6.1, ar <http://www.ahg.gov.ie/ie/Straiteis20BliaindonGhaeilge2010-2030/> ,
buail ar “Clliceáil anseo le haghaidh mioneolais”.
13. Bunfhoirse: Oireachtas na hÉireann. Written Answers - An Coimisiún um Chóiríocht Scoile. 11 May 2010
<http://debates.oireachtas.ie/dail/2010/05/11/00286.asp#N2>
14. Bunfhoirse: Bunreacht na hÉireann / Constitution of Ireland.
http://www.taoiseach.gov.ie/eng/Publications/Publications_Archive/Publications_2012/Bunreacht_na_h%C3%89ireann-Aug2012.pdf
15. Oireachtas na hÉireann: An tAcht Oideachais 1998.
<http://www.oireachtas.ie/documents/bills28/acts/1998/a5198i.pdf>
16. Dlíthe na hÉireann: Education Act, 1998.
<http://www.irishstatutebook.ie/1998/en/act/pub/0051/print.html#sec8>
17. Oireachtas na hÉireann: An tAcht Oideachais, 1998

<http://www.oireachtas.ie/documents/bills28/acts/1998/a5198i.pdf>

18. Critéir agus Nósanna Imeachta Athbhreithnithe chun Bunscoileanna Nua a Bhunú, Tuarascáil an Choimisiúin um Chóiríocht Scoile. Feabhra 2011. L. 25-26.

<http://www.education.ie/ga/Foilseach%20A1in/Tuarasc%20A1lacha-Beartais/Crit%20A9ir-agus-N%20B3sanna-Imeachta-Athbhreithnithe-chun-Bunscoileanna-Nua-a-Bhun%20BA-Tuarasc%20A1il-an-Choimisi%20BAin-um-Ch%20B3ir%20ADocht-Scoile.pdf>

19. Revised Criteria and Procedures for Establishment of New Primary Schools. Report of the Commission on School Accommodation. February 2011. pps. 23-24

<http://www.education.ie/en/Publications/Policy-Reports/Revised-Criteria-and-Procedures-for-the-Establishment-of-New-Primary-Schools-Report-of-the-Commission-on-School-Accommodation.pdf>

20. Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge, L. 18

21. 20 Year Strategy for the Irish Language, p. 18.

<http://www.ahg.gov.ie/en/20YearStrategyfortheIrishLanguage/Publications/20-Year%20Strategy%20-%20English%20version.pdf>

22. Critéir agus Nósanna Imeachta Athbhreithnithe chun Bunscoileanna Nua a Bhunú, Tuarascáil an Choimisiúin um Chóiríocht Scoile, 2011. L. 5

23. Revised Criteria and Procedures for Establishment of New Primary Schools. Report of the Commission on School Accommodation. February 2011. p. 5

24. Critéir agus Nósanna Imeachta Athbhreithnithe chun Bunscoileanna Nua a Bhunú, Tuarascáil an Choimisiúin um Chóiríocht Scoile, 2011. L. 53

25. Revised Criteria and Procedures for Establishment of New Primary Schools. Report of the Commission on School Accommodation. February 2011. p.48

26. Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge, L. 18.

27. 20 Year Strategy for the Irish Language, p. 18.

28. “Irish: what can be done?”, le Diarmuid Ó Néill, Rebuilding the Celtic Languages, eagartha le Diarmuid Ó Néill, Ceredigion, Wales: Y Lolfa Cyf., 2005, L. 279

29. “Irish in Northern Ireland” le Diarmuid Ó Néill, Rebuilding the Celtic Languages, eagartha le Diarmuid Ó Néill, Ceredigion, Wales: Y Lolfa Cyf., 2005, L. 329

30. “Cumas sa Ghaeilge ag 184,898 ó Thuaidh”, Nuacht24,

<http://www.nuacht24.com/nuacht/gaeilge/cumas-sa-ghaeilge-ag-184898-o-thuaidh/>

31. “Irish in Northern Ireland” le Diarmuid Ó Néill, Rebuilding the Celtic Languages, eagartha le Diarmuid Ó Néill, Ceredigion, Wales: Y Lolfa Cyf., 2005, L. 329)

32. Féach ar <http://groups.yahoo.com/group/philo-celticsociety/>

33. Bunfhoinsé: Donegal Gaeltacht community confronts Fine Gael!

<http://galltacht.blogspot.com/2011/02/donegal-gaeltacht-community-confronts.html>

34. Bunfhoinsé: 90% of Gaeltacht Schools to Close.

<http://galltacht.blogspot.com/2011/12/90-of-gaeltacht-schools-to-close.html>

35. Bunfhoinsé: Closure of small schools is death by a thousand cuts for communities.

<http://www.examiner.ie/ireland/closure-of-small-schools-is-death-by-a-thousand-cuts-for-communities-180410.html>

36. Bunfhoinsé: Budget rips heart out of rural Ireland.

<http://educationmatters.ie/yearbook/2012/01/budget-rips-heart-out-of-rural-ireland-2/>

37. Bunfhoinsé: Gaeltacht schools bear brunt of cuts.

- <http://www.gaelscoileanna.ie/en/news/media/gaeltacht-schools-bear-brunt-of-cuts/>
38. Bunfhoirse: Save our Small Schools. <http://ruralscoilnet.wordpress.com/>
39. Bunfhoirse: April 1, 2013. Teachers' union warns Education Minister Ruairi Quinn against plan to shut 600 rural schools.
<http://www.irishmirror.ie/news/irish-news/education/unions-slammed-calls-shut-600-1913573>
40. Bunfhoirse: April 3, 2013. Rural schools to follow Garda stations as new cull signalled.
<http://www.tuamherald.ie/2013/04/03/rural-schools-to-follow-garda-stations-as-new-cull-signalled/>
41. Bunfhoirse: August 19, 2013. Minister Ruairi Quinn to make crippling cuts to education sector.
<http://www.irishmirror.ie/news/irish-news/politics/ruairi-quinn-education-cuts-2182391>
42. Bunfhoirse: August 29, 2013. Kitt calls for small schools protection.
http://www.clarechampion.ie/index.php?option=com_content&view=article&id=5794:kitt-calls-for-small-schools-protection&catid=58:gort&Itemid=56
43. Bunfhoirse: An Coimisinéar Teanga – Tuarascáil Bhliantúil 2012, L. 39. / Source: The Language Commissioner – Annual Report 2012, p. 39.
http://www.coimisineir.ie/downloads/Tuarascail_Bhliantuil_2012.pdf
44. Acht na dTeagacha Oifigiúla 2003.
<http://acts.oireachtas.ie/ga.act.2003.0032.1.html>
45. Official Languages Act 2003.
<http://www.irishstatutebook.ie/2003/en/act/pub/0032/index.html>
46. Acht na dTeagacha Oifigiúla 2003 Treoirleabhar, L. 2.
<http://www.coimisineir.ie/downloads/Treoirleabhair4.pdf>
47. Official Languages Act 2003 Guidebook, p. 2.
<http://www.coimisineir.ie/downloads/Guidebook4.pdf>
48. An Coimisinéir Teanga: Tuarascáil Bhliantúil 2012 / Annual Report. 2012.
http://www.coimisineir.ie/downloads/Annual_Report_2012.pdf
49. Bunfhoirse: Bliain 3 den Straitéis 20 Bliain.
<http://www.gaelpport.com/nuacht/Bliain-3-den-Straiteis-20-Bliain-Tuarascail-ar-Dhul-Chun-Cinn/>
50. Bunfhoirse: Samhail gan Clann le Gaeilge.
<http://antuaisceoir.com/2013/07/17/samhail-gan-clann-le-gaeilge/>

VI. ACHOIMRE – DÉAN ANOIS IAD SEO!

1. moltaí don réimse oideachais

A. Gach uair go séanann an Roinn Oideachais (nó aon Chomhlacht Poiblí eile) do chearta mar thuismitheoir nó mar dhalta nó mar shaoránach, cearta atá agat faoi Bhunrecht na hÉireann, an tAcht Oideachais 1998, Acht na dTeagacha Oifigiúla 2003, nó aon dlí eile, is sárú an dlí é sin. Tuairiscigh an sárú sin do Oifig an Choimisinéara Teanga ag

An Coimisinéir Teanga
 An Spidéal, Co. na Gaillimhe.
 Fón: (091) 504006 | Facs: (091) 504036
eolas@coimisineir.ie
http://www.coimisineir.ie/index.php?page=sonrai_tagmhala&tid=3

B. Éiligh breis-reachtaíocht go bhfaighidh gach dalta oideachas lán-Ghaeilge láithreach má tá sé sin ag teastáil óna t(h)uismitheoirí, díreach mar go bhfaighidh aon dalta oideachas trí Shacsbhéarla láithreach má tá sé sin ag teastáil óna t(h)uismitheoirí.

C. Toisc gur léir é gurb é an beartas ag an Roinn Oideachais agus Scileanna dúnadh a bhagairt ar gaelscoileanna sna Gaeltachtaí; ag cur inní, eagla, agus meath ar phobail na Gaeilge; agus gan gaelscolaíocht a fhorbhairt nó a thacú go gníomhach (nó beagnach ar bith); agus gan Gaeilge a mhúineadh go ceart nó go maith ar fud na tíre; agus rialacha a chumadh as an aeir chun cearta mhuintir na hÉireann a shéanadh; measúnaigh an bhfuil sé riachtanach múineadh na Gaeilge, gaelscolaíocht, agus scoileanna sna Gaeltachtaí a bhaint in iomlán ón Roinn Oideachais agus Scileanna.

D. Measúnaigh an bhfuil sé riachtanach roinn nó rannóg nua a chruthú a bheadh freagrach as Gaeilge, múineadh na Gaeilge, lucht na Gaeilge, forbairt na nGaeltachtaí, agus leathadh na Gaeilge ar fud na tíre, ní sna Gaeltachtaí amháin, ní ar aon rud eile nach mbaineann leis na feidhmeanna agus cuspóirí seo.

E. Idir an dá linn, éiligh breis-reachtaíocht nach féidir leis an Roinn Oideachais agus Scileanna aon rud a dhéanamh nó a fhógairt maidir le scoileanna sna Gaeltachtaí gan cead ón Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta.

F. Toisc gur dóchúil é go mbeidh sé riachtanach scoil lán-Ghaeilge agus scoil Sacsbhéarlach a lonnú le chéile i bhfoirgneamh amháin i bpobail áirithe, ba chóir neamhspleáchas na gaelscoile a chinntiú de réir treoireacha cuimsitheacha mar iad a bhfoilsíonn Gaelscoileanna Teo. Féach ar <http://www.gaelscoileanna.ie/assets/Gaelscoileanna-Teo.-Policy-on-Irish-medium-Units.pdf>

G. Toisc nach bhfuil múinteoirí líofa go leor le fáil sna scoileanna Sacsbhéarlacha, éiligh reachtaíocht go bhfostaífead breis-mhúinteoirí líofa, go háirithe cainteoirí dúchasacha. Cosnóidh sé sin ard-chaighdeán na Gaeilge agus ísleoidh sé sin dífhiostaíocht agus eisimirce lucht na Gaeilge.

H. Toisc nach bhfuil staitisticí foilsithe le breis agus 10 mbliain faoi éileamh gaelscolaíochta, éiligh reachtaíocht go mbaileoidh an Phríomh-Oifig Staidreamh na staitisticí seo agus staitisticí faoi fhreastail i ngaelscoileanna agus ngaelcholaáistí ionas gur féidir dul chun cinn a mheasúnú sa réimse seo.

2. Moltaí maidir le Lucht na Gaeilge sna Gaeltachtaí, sa Ghalltacht, sa Ghaeltacht Samhalta, agus an Eacnamaíocht

An féidir na daoine seo a nascadh le chéile? Cinnte. Is féidir é seo a dhéanamh i nGaeltachtaí samhalta (mar atá ag tarlú tríd an idirlíon agus a mheáin shóisialta anois), aghaidh ar aghaidh i nGaeltachtaí uirbeacha (mar atá forbartha i mBéal Féirste cheana féin as stuaim na ndaoine féin), trí úsáid níos éifeachtaí na meán poiblí cumarsáide (e.g., TG4) mar a fheicfead i bparagraf a 5 thíos, agus níos mó ná sin.

Mar shampla, más maith le cathair aon áit ar an domhan níos mó gnó a dhéanamh le haon chathair eile, feicimid feachtais, cruinnithe, agus cúplálacha ('twinning'). Cad faoi chúplálacha idir pobail sna Gaeltachtaí agus pobail fo-uirbeacha agus uirbeacha sa Ghalltacht ar mhaith leo Gaeilge, gnó trí Ghaeilge, agus comh-oibriú trí Ghaeilge a chur chun cinn?

Agus níl aon ghá fanacht leis an rialtas chun é seo a dhéanamh. Mar shampla, gan aon mhaoiniú agus ag obair le hoibrithe deonacha amháin, nascann Cumann Carad na Gaeilge breis agus 1400 daltaí na Gaeilge timpeall an domhain ar an idirlíon. (41) Clóbhuail an focal 'Gaeilge' isteach in aon bhrabhsur agus féach ar an méad buillí a bhfaighidh tú. (Cad faoi breis agus 42,000,000?) Féach freisin orthu seo:

www.beo.ie/
www.feasta.ie/
www.foinse.ie/
www.gaelpport.com/
www.nuacht24.com
<http://antuairisceoir.com/>
www.angaelmagazine.com
 agus a leithéid.

Ní raibh ach timpeall 400,000 Iúdach in bPalaistín i 1947, agus ní raibh Eabhrais ag gach ceann acu. Inniu, tá breis agus 415,000 in Éirinn amháin atá líofa, a bheag nó a mhór i nGaeilge. An leor an uimhir sin chun teanga láidir eacnamaíochta a chruthú arís den Ghaeilge? Cinnte gur féidir leis na hÉireannaigh tógáil ar an mbunchloch maith sin.

Ach ná fan leis an rialtas. Déan tú féin agus sibh féin é.

3. moladh maidir leis An Teaghlach ag Cur na Teanga ar Aghaidh

An chaoi is fearr chun an teanga a chur ar aghaidh i dteaghlaigh ná an teanga a athbhunú mar theanga eacnamaíochta.

4. Moltaí maidir leis An rialtas, an Ghaeilge, agus an eacnamaíocht.

A. seirbhísí

Éiligh seirbhísí as Gaeilge (agus mar sin postanna a dhéantar trí Ghaeilge) ó gach Comhlacht Poiblí (an Roinn Oideachais, gach roinn eile an rialtais, agus na meáin chumarsáide poiblí ina measc). Tá an ceart agat mar shaoránach.

B. dóibh siúd a bhriseann an dlí

Measúnaigh ar chóir reachtaíocht nua a éileamh a ghearrfadh fíneálacha ar chomhlacht poiblí agus oifigigh nach gcomhlíonann a ndualgais faoi Bhunreacht na hÉireann, Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003, Acht Oideachais 1998, agus aon dlí eile a bhaineann le Gaeilge agus pobail na Gaeilge.

5. moltaí maidir leis na Meáin Phoiblí Chumarsáide agus an Eacnamaíocht

A. fógraí áitiúla

Is cosúil le stáisiúnacha áitiúla iad TG4 agus Raidió na Gaeltachta, ag cúngchraoladh chuig lucht féachana agus éisteacha áirithe ar leith. Coimisióinn siad cláir iontacha as Gaeilge, ach ní oibríonn siad mar stáisiúnacha áitiúla sa réimse fógraíochta, ceann desna príomhmhodhanna a nascaíonn stáisiúnacha lena bpobail ar bhonn eacnamaíoch.

Mar shampla, anseo thar lear, bheadh súil againn fógraí áitiúla a fheiceáil ar TG4 as Gaeilge déanta le comhlachtaí beaga sna Gaeltachtaí nó sa Ghalltacht ar son comhlachtaí beaga áitiúla ag díol táirgí agus seirbhísí as Gaeilge. In ionad sin, feicimid ar TG4 fógraí idirnáisiúnta déanta thar lear (agus ní le Gaeilgeoirí) ag díol táirgí mar Febreze as Sacsbhéarla.

B. cláir

Bheadh súil againn sceideal déanta as Gaeilge in iomlán le comhlachtaí beaga ag obair trí mheán na Gaeilge lonnaithe sna Gaeltachtaí nó sa Ghalltacht. In ionad sin, feicimid ar TG4 cláir mar Bonanza, Little House on the Prairie, Pimp My Ride, agus a leithéid. Cinnte gur féidir le TG4 ceadúnais na gclár seo a cheannach gan chostas mór toisc gur tír bheag í Éire. Ach is cinnte é freisin gur féidir le TG4, leis an airgead céanna, níos mó clár as Gaeilge a choimisíniú ó léiritheoirí áitiúla a bheadh ag obair trí mheán na Gaeilge.

Deiseanna cailte. Má bhíonn na tionscail dúchasacha fhógraíochta agus scannánaíochta lag in Éirinn, muna bhfuil mórán fostaithe ó lá go lá i léiriú fógraíochta agus scannán, is é ceann desna fáthanna é seo.

6. moladh maidir le “Foclóirí”

Is coir dúinn cuimhniú go bhfuilimid i mbaol go mbeadh ár bhfoclóirí go luath ina n-iarsmí mar “Zeisberger’s Indian Dictionary” do Onandaga agus Delaware (.i. Leni Lenape). Tá sé riachtanach straitéis agus modhanna a athrú go láithreach chun ár dteanga agus ár bpobal a neartú.

7. moltaí maidir le “Reachtaíocht agus Stádas”

A. seirbhísí

Éiligh seirbhísí as Gaeilge (agus mar sin postanna a dhéantar trí Ghaeilge) ó gach Comhlacht Poiblí (an Roinn Oideachais, gach roinn eile an rialtais, agus na meáin chumarsáide poiblí ina measc). Tá an ceart agat mar shaoránach.

B. dóibh siúd a bhriseann an dlí

Measúnaigh ar chóir reachtaíocht nua a éileamh a ghearrfadh fíneálacha ar chomhlacht poiblí agus oifigigh nach gcomhlíonann a ndualgais faoi Bhunreacht na hÉireann, Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003, Acht Oideachais 1998, agus aon dlí eile a bhaineann le Gaeilge agus pobail na Gaeilge.

8. moladh maidir le hEacnamaíocht na Gaeilge san Earnáil Phríobháideach

Ná fan leis an rialtas. Ní leis an rialtas do theanga. Agus trí bhliain tar éis “Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge”, tá beagnach faic déanta ag an Rialtas ach cíorruithe. (58)(59)

An bhfuil gnólacht agat? An bhfuil tú i mbun siopa, roinn i siopa, nó oifig? An bhfuil daoine a oibríonn leat líofa as Gaeilge? Sna S.A.M., is minic go bhfeicimid fógraí as teangacha éagsúla. Is an-choitianta é (nó b’fhéidir an riail na laethanta seo) go gcloisimid “Chun seirbhís a fháil as [teanga X] brúigh uimhir a dó.” Ar line, is minic gur féidir linn Spáinnis nó teanga eile a roghnú. Tarraingíonn modhanna mar seo custaiméirí a bheidh dílseach sa todhchaí agus ardaíonn modhanna mar seo dílseacht na gcustaiméirí atá ag gnólacht cheana féin. Spreag gnólachtaí eile seirbhísí agus táirgí a chur ar fáil as Gaeilge, agus ceannaigh uatha go rialta nuair a ndéanann siad é sin. An ndéanann tú táirge éigin? Cuir “Déanta in Éirinn” air, le treoireacha as Gaeilge taobh ar thaobh le Fraincis, Spáinnis, Sacsbhéarla, 7rl. An gcuireann tú litir nuachta chuig do chustaiméirí? Faigh amach cén acu ar mhaith leo í a fháil as Gaeilge. Samhlaigh modhanna chun daoine a mhealladh chuig do ghnó le Gaeilge. Má bhíonn deis ag daoine Gaeilge a labhairt go nádúrtha go compordach, labhróidh siad í. Nasc leo ar abairleat.com, Twitter, Facebook, LinkedIn, r-phost, agus aghaidh ar aghaidh. Gan amhras gur féidir leat smaointe níos fearr a cheapadh agus iad a chur i bhfeidhm. Déan anois é. Ná fan leis an rialtas. Ní leis an rialtas do theanga. Is leatsa do theanga.

Ó FOILSÍODH NA hAILT SEO IN AN GAEL

Ó foilsíodh na hailt seo in AN GAEL, an scéala is mó ná go n-éireoidh an Coimisinéir Teanga, an t-uasal Seán Ó Cuirreáin, as a phost 23 Feabhra 2014 as déistin le failí leanúnacha an rialtais i gcomhlíonadh a fhreagrachtaí maidir leis an nGaeilge, pobail na Gaeilge, cainteoirí na Gaeilge, agus dlíthe na hÉireann. Is féidir leat a ráiteas a léamh anseo: <http://www.coimisineir.ie/downloads/NotaicainteAnCoimisineirTeanga04122013.pdf>

Ba chóir duit a ráiteas a léamh in iomlán. Idir an dá linn, seo duit cuid de:

Gníomhaireacht Ghéilliúlachta

Mar ghníomhaireacht ghéilliúlachta, is trua liom a thuairisciú go raibh trí cheathrú de na scéimeanna teanga – pleananna reachtúla teanga – a bhí comhaontaithe ag an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta le heagraíochtaí éagsúla stáit ligthe in éag gan athnuachan a bheith déanta orthu faoi dheireadh 2012 agus an ceathrú cuid acu as dáta le breis agus 3 bliana. I 10 gcinn de chásanna eile, bhí breis agus 6 bliana imithe ó d'iarr an tAire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta ar eagrais stáit dréachtscéimeanna teanga a ullmhú ach bhí siad fós le haontú. Tá an teip an ghné seo den reachtaíocht teanga a chur chun cinn go stuama aitheanta ag an choiste iniúchta neamhspleách i m'Oifig mar riosca suntasach. Bhí na scéimeanna teanga sin le bheith mar chrann taca i gcroílár na reachtaíochta agus mar bhunús le líon agus le caighdeán na seirbhísí stáit trí Ghaeilge a mhéadú

An bhliain reatha

Tá méadú beag sa bhliain reatha ar líon na scéimeanna teanga – tá 15 daingnithe go dáta ach 20 imithe in éag sa tréimhse chéanna – ach is mó de chúis inní agam é an caighdeán atá i gcuid de na scéimeanna sin. Tá barraíocht acu ann a bhfuil na gealltanais faoi sholáthar seirbhísí trí Ghaeilge coinníollach ar 'acmhainní a bheith ar fáil', rud a thugann le tuiscint go bhfeictear na seirbhísí sin mar rudaí roghnacha breise seachas mar chearta bunúsacha. I scéim amháin acu seo, agus gealltanais i leith soláthar seirbhísí trí Ghaeilge á leagan amach, tá coinníoll luaite 11 uair in imeacht 3 leathanach go mbeidh na seirbhísí sin ar fáil 'mar a chéadaíonn acmhainní'. I scéim eile, gealltar leagan Gaeilge a eisiúint d'aicme theoranta de phreasráitis ach I bhfonóta deirtear nach gá go gciallódh sin go n-eiseofar na preasráitis Ghaeilge agus Bhéarla ag an am chéanna – is masla é d'aighe nó d'intleacht an iriseora Gaeilge go gcuirfí bonn reachtúil faoi ghealltanais den chineál sin

Inniúlacht sa Ghaeilge

Go ginearálta, tá an easpa foirne le hinniúlacht in dhá theanga oifigiúla an Stáit ar cheann de na cúiseanna is mó go mbíonn deacrachtaí ag eagraíochtaí stáit a gcuid seirbhísí a sholáthar don phobal i nGaeilge chomh maith le Béarla. Tá córas nua le cur ar bun mar scéim phiolótach in áit an chórais faoinar gealladh marcanna bónais le linn earcaíochta nó i gcás arduithe céime sa Státseirbhís do dhaoine le hinniúlacht i nGaeilge agus i mBéarla araon. Theip ar chóras na marcanna bónais a tháinig in áit na 'Gaeilge éigeantaí' de bharr nár cuireadh i bhfeidhm mar is ceart riamh é. Creidim go dteipfidh fosta ar an chóras úrnua,

atá lochtach ó thaobh an choincheapa de, agus go leanfar d'imeallú na teanga sa chóras riaracháin phoiblí. Mar shampla amháin, léiríonn taighde atá déanta dúinn ar fhiigiúirí oifigiúla ón Roinn Oideachais agus Scileanna go dtógfadh an córas nua, dá gcuirfí i bhfeidhm go hiomlán agus ar an bhealach is dearfaí é, thart ar 28 mbliana le líon na foirne riaracháin sa Roinn sin le líofacht i nGaeilge a mhéadú ón 1½% atá ann faoi láthair go dtí 3%. Déanaim achainí inniu ar na húdaráis athchuaire a thabhairt ar an bheartas seo ar bhealach a mbeidh brí leis nuair a bheas athbhreithniú agus leasú á dhéanamh ar Acht na dTeangacha Oifigiúla.

An Ghaeltacht

Tá molta fosta agam agus an tAcht á leasú gur cheart foráil shoiléir a chur ann a thabharfadh ar gach eagras stáit a chinntiú go raibh Gaeilge líofa ag a mbaill foirne a bheadh ag soláthar seirbhíse do phobal na Gaeltachta, gan cheist gan choinníoll. Léirigh taighde a rinne m'Oifig ar na mallaibh gur socraíodh seo a dhéanamh ar bhonn reachtúil sa bhliain 1928 ach gur cuireadh dáta tosaithe na rialachán seo ar athló le hionstraim reachtúil ar 54 ócáid difriúil go dtí gur caitheadh in aer go ciúin é sa bhliain 1966. Ní rogha a thuilleadh é leanúint de bheith ag cur na gcaorach thar an abhainn ar an ábhar seo mar a bhí á dhéanamh mar ghnáthchleachtas leis na scórtha bliain

Athbhreithniú

Cé gur fógraíodh athbhreithniú ar Acht na dTeangacha Oifigiúla i mí na Samhna 2011 – breis agus 2 bhliain ó shin - agus gur mhair próiseas suntasach comhairliúcháin phoiblí go dtí deireadh mhí Eanáir 2012 – is beag atá cloiste go poiblí go dtí seo faoi thorthaí an phróisis seo. Níor chuidiú ar bith é an folús seo.

Rinneadh cinneadh Rialtais i mí na Samhna 2011 m'Oifig a chónascadh le hOifig an Ombudsman faoi Phlean Athchóirithe an Rialtais don tSeirbhís Phoiblí. Rinneadh an cinneadh sin i ngan fhios dom féin agus don Ombudsman ag an am. Níl aon mhionsonraí ar fáil go poiblí faoina bhfuil molta nó faoin bhealach a cheaptar a n-oibreodh sé agus bheadh inní orm faoi inmhharthanacht na hOifige amach anseo, agus na himpleachtaí foirne a ghabhann leis sin. Tá an Oifig ar cheann de na heagrais stáit is lú dá bhfuil ann – agus buiséad againn atá níos lú ná rúnseirbhís na tíre, fiú! Tá foireann reatha de 4.4 státseirbhíseach ag obair inti. Tá 3 cinn d'fholúntais foirne againn faoi láthair agus ár mbuiséad tite 45% ón bhliain 2008. Níor tugadh don Oifig riamh na hacmhainní riachtanacha lena cúraimí reachtúla a chomhlíonadh go cuí agus go hiomlán.

Conclúid

Go ginearálta, dóibh siúd atá gafa go gairmiúil nó go deonach le cosaint nó cur chun cinn na teanga, is tréimhse í seo atá lán le héiginnteacht. Ní fhaca mé in imeacht 30 bliain mar iriseoir nó mar Choimisinéir Teanga an oiread ísle brí agus lagmhisnigh. D'ainneoin tacaíocht ollmhór ag tromlach an phobail i gcoitinne sa tír don teanga, tá sí á ruaigeadh go leanúnach chuig imeall na sochaí, agus áirím anseo cuid mhaith den riarachán phoiblí; ní

bheidh sé furasta í a thabhairt ar ais go háit níos lárnaí.

Mar bhunchéim riachtanach agus Acht na dTeangacha Oifigiúla á leasú mar chuid de chlár an Rialtais, creidim go láidir go gcaithfear foráil shoiléir a chur ann a chinnteoidh go mbeidh Gaeilge ag fostaithe an Stáit a bheidh ag freastal ar phobal na Gaeltachta, gan cheist, gan choinníoll – ní féidir leanúint ag tabhairt ar chainteoirí dúchais Gaeilge an Béarla a úsáid agus iad ag déileáil le heagraíochtaí stáit. Agus comhthreomhar leis seo, caithfear athchuid a thabhairt láithreach ar cheist na teanga san earcaíocht agus i gcomórtais arduithe céime sa Státseirbhís agus sa tSeirbhís Phoiblí i gcoitinne – go simplí, níl bealach ar bith go n-oibreoidh na beartais is deireanaí atá fógartha ina leith seo. Mura féidir leis an Stát aghaidh a thabhairt ar an dá ghné sin – úsáid na Gaeilge i mbun cumarsáide le pobal na Gaeltachta agus cinntiú go mbeadh dóthain foirne le cumas sa Ghaeilge sa chóras riaracháin phoiblí – nuair a bheidh an tAcht á leasú, creidim go dtuigfear ansin gur mugadh magadh, briolla brealla nó bréaga a bheas i gceist.

Tráth a bhfuil muid ag teannadh lenár bhflaitheas eacnamaíoch a fháil ar ais, ba mhór an feall é dá gcaillfimis ár bhflaitheas teanga – bunchloch dár bhféiniúlacht chultúrtha, dár n-oidhreacht agus dár n-anam mar náisiún. Creidim gur measa mar bhaol é sin anois ná riamh.

Beidh 10 mbliana caite agam i mbun oibre mar Choimisinéir Teanga i ndeireadh mhí Feabhra seo chugainn. Cé go bhfuil 2 bhliain eile fágtha i mo thréimhse ceapacháin, creidim i mo chroí istigh i bhfianaise na faisnéise atá curtha in bhur láthair agam anseo inniu gur beag eile a d'fhéadfainn a bhaint amach go pearsanta sa tréimhse ama sin i dtaca le cearta teanga phobal na Gaeilge agus na Gaeltachta. Is trua liom a rá, mar sin, go bhfuil cinneadh déanta agam seasamh siar ó mo cheapachán mar Choimisinéir Teanga ar an 23 Feabhra seo chugainn.

VIII. CUMANN CARAD NA GAEILGE

Thosaigh Mícheál Ó Lócháin ár ngníomhaíochtaí le ranganna Gaeilge i mBrúiclinn i 1872 agus ár n-iris "An Gaodhal" i 1881, agus sa dóigh sin bhunaigh sé an ghluaiseacht Ghaeilge i Meiriceá. Idir 1872 agus 1893, d'fhás ár n-eagraíocht, ár gcrabhadh, agus cumann neamhspleácha le "Philo-Celtic" orthu ar fud Mheiriceá. Tugadh "The Gaelic League" ar ár ranganna. Tháinig Dubhghlas de hÍde go Nua Eabhrac chun ár n-eagraíocht agus ár ranganna a fheiceáil i 1891. I 1893, bhain sé áis as ár gcumann mar a shamhail chun Conradh na Gaeilge a bhunú in Éirinn. An ghlúin ar mhúin Conradh na Gaeilge dóibh idir 1893 agus 1916, ba í an ghlúin í sin a chuaigh chun tosaigh i dtionscnamh stáit nua-aimseartha na hÉireann.

Fuair Mícheál Ó Lócháin bás i 1899. Scoir foilsitheoireacht "An Gaodhal" i 1904. Mheathlaigh ár n-eagraíocht tríd an fichiú haois. Ach táimid ar ais anois, ag obair do athbheochan na Gaeilge ar fud an domhain. Chun eolas sa bhreis a fháil fúinn, téigh go www.philo-celtic.com . Má's maith leat oibriú linn, tar i dteagmháil linn ag <http://groups.yahoo.com/group/philo-celticsociety/> .